Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

Peace
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund
EUROPEAN UNION

Interreg
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund
EUROPEAN UNION



# Comhlacht na gClár Speisialta AE

## Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2018

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
The Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba
EUROPE & SCOTLAND
European Regional Development Fund
Investing in a Smart, Sustainable and Inclusive Future

# Comhlacht na gClár Speisialta AE
# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
# Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Arna gcur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 Sceideal 1, Iarscríbhinn 2, Cuid 7, mír 1.3 agus mír 2.6 ag an Roinn Airgeadais agus faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais faoi Airteagal 49 (1) den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999

an 4 Nollaig 2019.

**© cóipcheart CCSCAE 2019.**

Is féidir leat an foilseachán seo (seachas lógónna) a athúsáid saor in aisce i bhformáid nó i meán ar bith, faoi théarmaí an Cheadúnais Rialtais Oscailte. Chun breathnú ar an gceadúnas sin, tabhair cuairt ar **www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence** nó seol ríomhphost chuig: **psi@nationalarchives.gsi.gov.uk**

Sa chás ina bhfuil faisnéis atá faoi chóipcheart tríú páirtí sainaitheanta againn, beidh ort cead a fháil ó na sealbhóirí cóipchirt sin atá i gceist. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi athúsáid na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas don bhliain 2018, scríobh chuig:

CCSAE,
An 7ú hUrlár, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT2 7GP.

Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar ár suíomh idirlín ag
**www.seupb.eu**

Ba chóir ceist ar bith eile faoin doiciméad seo a sheoladh chugainn ag
**info@seupb.eu**

**Íomhá an chlúdaigh:**
Grianghraf arna sholáthar ag tionscadal DARE to Lead Change (Dialogues About Race and Ethnicity), a thairgeann do dhaoine áitiúla i bpobail, scoileanna agus an áit oibre deis chun páirt a ghlacadh i gcomhphléanna maidir le cine agus eitneacht, ar bhonn trasteorann.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** | 02 |
| **Ról Chomhlacht na gClár Speisialta AE** | 06 |
| **Príomhéachtaí na bliana 2018** | 08 |
| **Forbhreathnú ar an gClár PEACE** | 10 |
| **Forbhreathnú ar an gClár INTERREG VA** | 18 |
| **Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha** | 28 |
| **Comhroinnt na gClár in 2018** | 29 |
| **Gníomhaíochtaí Móra Faisnéise in 2018** | 31 |
| **Cuntais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018** | 33 |
| **Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh/ Ráiteas faoi Rialachas** | 37 |
| **Tuarascáil maidir le Luach Saothair** | 47 |
| **An tAguisín** | 82 |

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

**Is pribhléid agam é an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais do 2018 a chur i láthair. Bliain an-bhroidiúil a bhí sa bhliain seo do gach gné dár gcuid oibre de réir mar atáimid tagtha chun céime lánfheidhmithe i gcás na gClár PEACE IV agus INTERREG VA araon.**

Lainseáladh an-chuid de na tionscadail i rith na bliana, iad arna dtacú ag an dá chlár, agus ní fada go mbeidh siad ag seachadadh na dtorthaí agus na cuspóirí a sannadh.

Bhí sé d'ádh orm gur fhreastail mé ar an-chuid de na hócáidí seo agus an tsár-obair nuálach a fheiceáil atá á déanamh chun tairbhe na ndeicheanna mílte saoránach, ar an dá thaobh den teorainn.

Tugadh cuireadh dom bheith i láthair ag lainse oifigiúil an mhaoiniú PEACE IV atá dáfa don tSeirbhís d'Íospartaigh agus Marthanóirí. Bainfear leas as an tacaíocht seo chun feabhas a chur ar shláinte agus folláine na mílte íospartach agus marthanóirí a d'fhulaing an choinbhleacht/na trioblóidí ar bhonn trasteorann.

Bhí ríméad orm chomh maith freastal ar lainse an tionscadail 'DARE to Lead Change' i bPáirc Windsor, Béal Feirste. Tá an tionscadal á stiúradh ag Bryson Intercultural, i gcomhpháirtíocht le hoiliúint TIDES agus tairgeann sé do dhaoine áitiúla i bpobail, áiteanna oibre agus scoileanna deis



chun páirt a ghlacadh i gcomhphléanna maidir le cine agus eitneacht. Tá sé ag baint leasa as an gcomhphlé seo chun bheith ag comhrac in aghaidh an chiníochais agus an tseicteachais ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann.

Ceann eile de na tionscadail iontacha atá arna maoiniú ag PEACE IV agus atá ina chabhair le hathrú suntasach a mhúnlú is ea an tionscadal 'Shaping Ourselves and Our Children', i nDoire. Tá an tionscnamh úrnua seo ag seachadadh clár forbartha leanaí agus ilghnéitheachta cultúrtha faoina spreagtar tuismitheoirí chun machnamh ar an gcaoi a dtéann a n-eispéiris luatha, a meon agus a luachanna féin i gcion ar dhearcthaí a gclainne orthu féin agus ar dhaoine eile. Tá sé ag iarraidh scéalta a cheistiú a d'fhéadfadh oidhreacht na dTrioblóidí a tharchur anonn ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile.

Lainseáladh chomh maith i rith na bliana líon clár atá ina gcabhair do dhaoine óga, a bhraitheann go bhfuil siad imeallaithe nó eisiata ón tsochaí. Tá siad seo ag seachadadh ceann de chuspóirí lárnacha an Chláir PEACE IV, lena n-aithnítear go bhfuil an baol ann go mbeadh daoine óga soghonta gafa le hiompraíocht fhrithshóisialta, leis an bhforéigean, nó le gníomhaíochtaí easaontacha.

I gcaitheamh na bliana bhí ríméad orm bualadh le han-chuid de na heagraíochtaí áitiúla atá dírithe ar an óige agus leis na daoine óga atá ag glacadh páirte insna tionscadail seo, ar dhá thaobh na teorann.

Sampla de seo is ea an tionscadal 'STRIVE' atá arna stiúradh ag Include Youth a lainseáladh go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair. I gcaitheamh cheithre bliana beidh an tionscadal i dteagmháil le breis ia 800 leanbh agus daoine óga i ndea-chaidrimh bhunathraitheacha, saoránacht agus gníomhaíochtaí forbartha pearsanta.

Tá an obair seo ceaptha go sainiúil chun cur le féinmheas na rannpháirtithe óga i dtreo is go mbíonn sé de mhuinín acu tosú ar fheidhmiú níos dearfaí sa tsochaí.

Léiríodh an tsárobair atá á déanamh faoin gClár PEACE IV chomh maith céanna ag líon de na tionscadail atá arna maoiniú ag INTERREG VA, a lainseáladh i rith na bliana chomh maith.

Mar shampla, faoin tionscadal 'Innovation Recovery' táthar ag bunú Líonra Coláistí Téarnaimh Sláinte Meabhraí trasteorann idir Éire agus Tuaisceart Éireann chun tacú le daoine atá ag téarnamh tar éis fadhbanna sláinte meabhraí bheith acu. Cuirfidh na Coláistí Téarnaimh oideachas ar fáil mar bhealach chun an téarnaimh, agus beidh cúrsaí iontu a bheidh ceaptha agus á seachadadh ag daoine a mbeidh

taithí ar an tinneas meabhrach acu féin, in éineacht le gairmithe sláinte meabhraí.

I gcaitheamh na bliana ghlac mé páirt i lainse tionscadail eile atá dírithe ar an gcúram sláinte, ar a dtugtar 'Connecting Services, Citizens and Communities' in Ospidéal Leitir Ceanainn. Méadóidh an tionscadal seo ar na heipeasóidí géarchúraim d'othair, trí fheabhas agus leasú a chur ar sheachadadh na seirbhíse ar bhonn trasteorann. Áirítear orthu seo seirbhísí cúraim sláinte sceidealaithe agus neamhsceidealaithe araon. Díreoidh an cúram sceidealaithe ar na speisialtachtaí na deirmeolaíochta, na húireolaíochta agus soithíoch. Áirítear ar na tionscnaimh cúraim neamhsceidealaithe tabhairt isteach seirbhíse nua paraimhíochaine pobail.

Tharla oscailt oifigiúil an 'Carlingford Lough Greenway' ón Iúr go dtí Victoria Lock i mí Iúil. Céim thábhachtach é seo i bhforbairt an tionscadail ardphróifíle féarbhealaigh atá arna stiúradh ag Comhairle Contae Lú. Tá trí fhéarbhealach nua ar an iomlán á dtacú ag INTERREG VA agus nuair a bheidh siad curtha i gcrích, beidh siad ina gcabhair chun cuid de na torthaí uaillmhianacha Iompair Inbhuanaithe a shásamh don chlár.

Lainseáladh go hoifigiúil i mbliana chomh maith dhá thionscadal lárnacha comhshaoil a bheidh ina gcabhair chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus speicis i mbaol a chosaint ar bhonn trasteorann. I Meitheamh lainseáladh an tionscadal 'Catchment Care'. Tá an tionscadal seo á stiúradh ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus bunófar leis trí chlár ríthábhachtacha trasteorann ar mhaithe le feabhsú cháilíocht an uisce i ndobharcheantair na Finne, na hAbhann Móire agus na hArna.

I mí na Nollag tionóladh lainse ardphróifíle don tionscadal MarPAMM sa Phointe. Tá an sárthionscadal seo ag sainscagadh eolais faoi speicis agus gnáthóga do Marine Protected Areas (MPAs) i dTuaisceart Éireann, Iarthar na hAlban agus Réigiún na Teorann in Éirinn. Bainfear leas as an eolas seo chun sláinte agus inbhuanaitheacht an éiceachórais mhuirí trasteorann a chosaint insna trí dhlínse go léir.



I gcaitheamh na bliana thugamar chomh maith faoi chlár feabhsaithe ar mhaithe le gabháil le páirtithe leasmhara chun an tábhacht a bhí ag na tionscadail PEACE IV agus INTERREG VA i bhforbairt an réigiúin a athreisiú.

Mar chuid den ghníomhaíocht seo d'eagraíomar taispeántas a bhí dírithe ar thionscadail ag an ócaid All-Island Civic Dialogue i nDún Dealgan, ar 30 Aibreán. Ag an ócáid bhuail Michel Barnier, Príomhchaibidleoir Eorpach d'Imeacht na RA as an AE, le daoine ó líon de na tionscadail atá arna maoiniú ag PEACE IV agus INTERREG VA.

Faoi urraíocht Cheann Comhairle Dháil Éireann, Seán Ó Fearghaíl TD rinneamar taispeántas idirghníomhach tionscadail a chomhordú i dTeach Laighean ar 16 Bealtaine. Thug líon TDanna agus Seanadóirí cuairt ar an taispeántas seo An Tánaiste Simon Coveney san áireamh.

Bhí deis againn chomh maith sárthaispeántas a dhéanamh d'obair na dtionscadal do Katrina Williams (Leasionadaí Buan na Ríochta Aontaithe ag an Aontas Eorpach) agus don Rúnaí Buan ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann, Sue Gray.

Mar chuid dár bhfreagrachtaí eile táimid tar éis bheith gafa go mór le cur chun cinn agus signpost rannpháirtithe féideartha tionscadail don Chlár Trasnáisiúnta INTERREG VB agus don Chlár Idir-réigiúnach INTERREG VC.

Mar thoradh ar an obair seo bhí CCSAE in ann tacú le cruthú roinnt comhpháirtíochtaí nua, an tionscadal 'CLIMATE' arna maoiniú faoin gClár Forimeall Thuaidh agus an tArtach ar an gceann ba cháiliúla ina measc. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo feasacht ar an athrú aeráide a chur chun cinn agus chun feabhais i measc pobal tuaithe ar fud na hEorpa.

I gcaitheamh 2018, tugadh cuireadh don labhairt ag líon ócáidí agus seimineár a bhain le tionchar na gClár PEACE IV agus INTERREG VA. Leis na hócáidí seo bhí deis agam tairbhí trasteorann na gclár agus an tionchar bunathraitheach atá acu thar an réigiún a chur in iúl.

Ar na hócáidí seo bhí cur i láthair chuig comhaltaí de Choiste Eorpach na Réigiún; cur i láthair chuig Tionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann, i Sligeach ar 11 Meitheamh; freastal ar dhinnéar stáit arna óstáil ag An Taoiseach Leo Varadkar d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Jean-Claude Juncker ar 21 Meitheamh; mar aon le cur i láthair chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ag Tionól Thuaisceart Éireann ar 29 Deireadh Fómhair.

Is mian liom an deis seo a thapú a rá go foirmeálta gur mór ar fad agam an tacaíocht leanúnach ó chomhaltaí Coistí Stiúrtha Monatóireachta agus Stiúrtha PEACE IV agus INTERREG VA, agus mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Cathaoirleach neamhspleách agus comhaltaí Choiste Iniúchóireachta agus Ráthaíochta Riosca CCSAE.

Is mian liom a admháil chomh maith an tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach; foireann Chomhairle na nAirí Thuaidh Theas; ár Ranna Coimircíochta (an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn); mar aon leis na Ranna go léir a n-oibreoimid i gcomhar leo gach lá i dTuaisceart Éireann, in Éirinn agus in Albain.

Tá an-bhród orm bheith i mo cheannaire ar fhoireann an-dúthrachtach tiomnaithe atá tiomanta dona chinntiú go mbainfear amach torthaí agus táirgeachtaí na gClár PEACE IV agus INTERREG VA araon.

Tá roinnt spriocanna an-dúshlánacha caiteachais agus torthaí le baint amach againn, agus taobh thiar díobh go léir cúlra imeachta beartaithe na RA ón AE. Cruthaíonn sé seo tacar uathúil dúshlán dúinne lena sárú.  Leanfar, áfach, de bheith ag seachadadh cuspóirí na gClár PEACE IV agus INTERREG VA araon. Tá tiomantais againn chomh maith ón gCoimisiún Eorpach agus ó Rialtais na RA agus na hÉireann go bhfuil an maoiniú slán leis na tréimhse seo cláreagraithe.

Táim an-dóchasach faoi dheiseanna maoinithe amach anseo, an Clár PEACE PLUS go sainiúil, a bheidh ina hibrid de ghníomhaíochtaí PEACE agus INTERREG araon agus a reáchtálfar go dtí 2027. Leis an gclár nua, bheidh deis ann chun bealaí nua, corraitheacha a thaiscéaladh d'fhorbairt an réigiúin amach anseo, ar bhonn trasphobal agus trasteorann.

Beidh an clár seo i gcónaí ag dul i ngleic leis na heasaontais atá le feiceáil i gcónaí sa tsochaí againn agus ag treisiú leis an dul chun cinn i dtreo réigiúin níos síochánta agus níos rachmasaí.

Tá súil agam go mbeidh an tuarascáil seo úsáideach duit mar léiriú ar an obair ríthábhachtach a bhfuil sé d'ádh orainn bheith ag tacú léi.

**Gina McIntyre**
**Príomhfheidhmeannach**
**Comhlacht na gClár Speisialta AE**



**'PEACE IV Pleananna Aicsin'**
Tugtar maoiniú do na húdaráis áitiúla go léir i dTuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn, trí Phleananna Aicsin PEACE, chun cur le cumas leanaí agus daoine óga caidrimh dhearfacha a chur ar bun le daoine eile as cúlra difriúil d'fhonn sochaí níos comhdhlúite a chruthú.

# Ról Chomhlacht na gClár Speisialta AE

## Ár Misean

“Feabhas a chur ar shaol na ndaoine trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú trasteorann”.

## Ár bhFís

“Rachaidh CCSAE i gcion go dearfach agus go buan ar na daoine sa réigiún trí chláir comhoibrithe a chur ar fáil go rathúil, thar ceann an dá Rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh. Oibreoimid le leibhéil arda ionracais, agus beidh meas againn ar ilghnéitheacht gach duine sa réigiún. Beimid dár bhfeabhsú i gcónaí, ag cur leis an tsimplíocht agus ag spreagadh na foirne chun a seacht ndícheall a dhéanamh trí éiteas na hoibre foirne go hinmheánach agus go seachtrach.”

**Míniú ar Ár Ról**

Comhlacht Thuaidh/Theas arna bhunadh faoin gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) is ea Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) agus tháinig sé i bhfeidhm ar 2 Nollaig 1999.

Ordaítear leis an gComhaontú go gcuirfidh CCSAE i bhfeidhm na beartais a bheidh ordaithe ag an gComhaireacht Thuaidh Theas (NSMC) de réir mar atá mionsonraithe ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 arna leasú.

Comhlíonann CCSAE ról an Údaráis Bhainistíochta agus Údaráis Dheimhnithe mar aon leis an gComhrúnaíocht (JS) do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020) a chur ar fáil.

Bíonn ról leathan ag CCSAE maidir le tacú le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gCláir Trasnáisiúnta INTERREG VB a bhaineann le Tuaisceart Éireann.

Ina theannta sin, bíonn ról comhairleach agus ról mar tháscaire ag CCSAE i dtaca le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gClár Idir-réigiúnach INTERREG VC.



**'Sharing from the Start'**
Tá an tionscadal 'Sharing from the Start' ag gabháil le tuairim is 10,000 leanbh réamhscoile chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte oideachais ar bhonn inbhuanaithe.

# Príomhéachtaí na bliana 2018

| Cuspóirí | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| **1. Torthaí na gClár PEACE agus INTERREG a bhaint amach agus cur lena n-astuithe, trí thacú le tionscadail a uasmhéadóidh an rannchuidiú a dhéantar leo leis an tsochaí.** | • eithdháileadh 97.3% de chistiú INTERREG VA agus 99.7% de chistiú PEACE IV agus eisíodh 120 litir tairisceana do thionscadail.<br>• Baineadh amach spriocanna INTERREG V agus PEACE IV N+3 araon.<br>• Forbraíodh clár oiliúna agus rollaíodh amach é do Chomhpháirtithe Tosaigh na dtionscadal i gcaitheamh 2018, oiliúint shainiúil do na húdaráis áitiúla faoin tsíocháin agus an athmhuintearas a thógáil ag an leibhéal áitiúil. |

| Cuspóirí | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| **2. Barrfheabhas a chinntiú i bhfeidhmíocht ghnó CCSAE trí phróisis éifeachtacha, éifeachtúla riaracháin a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialála corparáidí atá ceaptha chun riachtanais cuntasaíochta a shásamh.** | • Athbhreithníodh beartais agus prótacail bhainistíochta faisnéise CCSAE chun comhlíontacht le riachtanais GDPR a chinntiú. Oileadh an fhoireann ar fad faoi na riachtanais uasdátaithe.<br>• I gcomhréir le Pleananna Measúnachta do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA cuireadh an dara Mheasúnacht Feidhmithe (Tuarascáil Eatramhach) i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2018.<br>• Cuireadh na Tuarascálacha Feidhmithe Bliantúla don dá Chlár faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoin spriocdháta rialála ar 31 Bealtaine 2018.<br>• Tháinig Coiste Monatóireachta PEACE IV le chéile ar 1 Bealtaine 2018 agus ar 7 Samhain 2018.<br>• Tháinig Coiste Monatóireachta INTERREG VA le chéile ar 17 Aibreán 2018 agus ar 27 Samhain 2018.<br>• In 2018 chuaigh obair ar aghaidh go dtí seachadadh rathúil an eMS go léir, an córas TF a thacaíonn le seachadadh clár. Ba é céim dheiridh an tionscadail reporting module a sheachadadh faoi Mhárta 2018 agus baineadh é seo amach. Tá eMS tar éis cur ar chumas CCSAE Litreacha Tairisceana a eisiúint a shásaigh na riachtanais ainmnithe, agus sás a chur ar fáil chun na spriocanna N+3 a bhaint amach in 2018.<br>• Scaoileadh leagan nua de eMS gar do dheireadh 2018, tá beartaithe ag CCSAE uasghrádú go dtí an leagan seo faoi Mheitheamh 2019. |

| Cuspóirí | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| **3. Oibriú i gcomhpháirtíocht le hiarratasóirí agus tairbhithe chun a chinntiú go gcuirtear tionscadail i bhfeidhm de réir a litreacha tairisceana.** | • Lean CCSAE lena gclár d'ócáidí oiliúna atá ceaptha chun a chinntiú go mbíonn a dtionscadail ag feidhmiú de réir riachtanas rialála an AE agus na mballstát. Seachadadh 28 ceardlann san iomlán i gcaitheamh na bliana.<br>• I rith 2018, rinne CCSAE na príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo go réamhghníomhach chun tionscadail a chur ar aghaidh in éineacht le comhpháirtíochtaí Tuaisceartacha agus trasteorann. Faoi dheireadh 2018, bhí 56 tionscadal le comhpháirtí Tuaisceartach amháin ar a laghad faofa agus 67 comhpháirtí Tuaisceartacha ar fad gafa leis. Tiomnaíodh iomlán de €15.6m de CFRE do na comhpháirtithe sin.<br>• Bhainistigh CCSAE i gcónaí freisin próiseas an Chéad Leibhéal Rialaithe do na comhpháirtithe as Tuaisceart Éireann atá faofa faoi Chláir Interreg VB/VC. |

| Cuspóirí | Torthaí Tábhachtacha |
|---|---|
| **4. Infheistiú i bhforbairt na n-acmhainní daonna againn chun a chinntiú go mbíonn lucht foirne ar an eolas, fíor-spreagtha, solúbtha agus tacúil; agus foirne agus líonraí láidre a chothú.** | • Faoi urraíocht Cheann Comhairle Dháil Éireann, Seán Ó Fearghaíl TD rinneamar taispeántas idirghníomhach tionscadail a chomhordú i dTeach Laighean. Thug líon TDanna agus Seanadóirí cuairt ar an taispeántas seo An Tánaiste Simon Coveney san áireamh.<br>• Chuir CCSAE oiliúint fhoirmeálta agus oiliúint neamhfhoirmeálta ar fáil do lucht foirne i réimsí arna sainiú laistigh de pleananna don fhorbairt phearsanta.<br>• D'oibrigh CCSAE go dian i gcónaí in 2018 chun a chinntiú gur baineadh amach éifeachtúlachtaí san áit oibre agus gur comhlíonadh na spriocanna íocaíochta praise.<br>• I dtéarmaí rátaí asláithreachta, ba é an Céatadán de Laethanta Oibre a Cailleadh as an Iomlán de Laethanta Oibre a bhí ar Fáil ná 3.21 % i gcoinne sprice de níos lú ná 4%. Ba é an Meánlíon Laethanta a Cailleadh in aghaidh an Fhostaí ná 7.21 lá i gcoinne sprice de níos lú ná 6.5 lá. |

# Forbhreathnú ar an gClár PEACE

Tionscnamh uathúil trasteorann atá i gClár PEACE IV, arna chistiú ag an gciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach (ERDF) agus arna cheapadh chun tacú leis an tsíocháin agus an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn. Bunaíodh an Clár PEACE i 1995 agus is é an tAontas Eorpach a chruthaigh é mar fhreagairt ar na forbairtí dearfacha i bpróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann, ar a n-áirítear na sosanna cogaidh  i 1994.

De réir mar a tháinig éabhlóidiú agus aibíocht ar an bpróiseas tá páirt mhór comhlíonta ag na Cláir PEACE chun dul chun cinn i dtreo sochaí níos cobhsaí agus níos síochánta a threisiú. Is ríléir fós na deighiltí idir na pobail, áfach. Is beag an muinín atá acu as a chéile agus tá an-chuid scaradh cónaitheach agus sóisialta ann

Sa chomhthéacs seo tá an-riachtanas ann i gcónaí go mbeifí ag dul i ngleic le roinnt eochair-cheisteanna sa réigiún d'fhonn tacú leis an bpróiseas síochána i gcoitinne.  Orthu seo tá tuilleadh iarrachtaí chun athmhuintearas a fhorbairt agus a threisiú idir pobail dheighilte; méadú ar an gcaoinfhulaingt agus ar an urramú chun na leibhéil seicteachais agus ciníochais a laghdú; comhtháthú méadaithe i measc na bpobal a chur chun cinn; agus tabhairt faoin droch-oidhreacht ón am a chuaigh thart.

Tá luach iomlán de tuairim is €270m air, áirítear air seo rannchuidiú de €229m (85%) ón CFRE agus ciste comhoiriúnaithe de €41m (15%) arna rannchuidiú ag Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.




Faoi dheireadh 2018, bhí 99.7% de luach iomlán an chláir tiomanta do 95 tionscadal éagsúla.




Faoi dheireadh 2018, bhí tuairim is €268.8m as €270m, luach iomlán an chláir leithdháilte.

Sna staidéir cás-staidéir seo a leanas, lastall, tugtar mionsonraí breise ar chuid de na tionscadail nua do thréimhse na gClár do 2014-2020.

# Leanaí & Daoine Óga

**Tá Clár PEACE IV ag tacú leis na mílte leanaí agus daoine óga, a bhraitheann go bhfuil siad imeallaithe nó eisiata. Tá an baol ann go mbeadh na daoine óga seo gafa le hiompraíocht fhrithshóisialta, leis an bhforéigean, nó fiú le gníomhaíochtaí paraimíleata.**

**Faoin gcuspóir seo den chlár, táthar ag baint leasa as maoin chun cur le cumas leanaí agus daoine óga caidrimh dhearfacha a chur ar bun le daoine eile as cúlra difriúil agus bheith ag rannchuidiú le sochaí níos comhdhlúite a chruthú. I measc na samplaí den obair seo tá:**

### Tionscadal ‘STRIVE’

Clár trasphobal, traschultúrtha, trasteorann is ea tionscadal STRIVE a ligeann do dhaoine óga bheith páirteach i ndea-chaidrimh bhunathraitheacha, saoránacht agus gníomhaíochtaí forbartha pearsanta. Include Youth atá i gceannas air, i gcomhpháirtíocht le Youth Initiatives NI, Newstart Education Centre, Northern Ireland Alternatives agus Ionad Acmhainní Leifir Chluain Lao.

Clár atá á stiúradh ag an óige trí chur chuige ‘Expert by Experience’ (EBE) is ea STRIVE. Is éard tá in EBEanna ná daoine óga a bhfuil taithí den chineál céanna acu, agus atá ag cur a gcuid saineolais ar fáil chun an clár is fearr a shásaíonn riachtanais agus leasanna daoine óga eile a dhearadh agus a sheachadadh.

**Cistiú a Dámhadh: €3.9m**




**Daoine óga ag labhairt ag lainse oifigiúil tionscadail STRIVE ar 25 Deireadh Fómhair 2018.**

**‘Oideachas Bunathraitheach i gcomhair Caidreamh Dearfach’ (TRANSFORM)**

Tá TRANSFORM ag gabháil le tuairim is 480 duine óg, d’aois 14 go 24 bliain as Aontroim; An Dún; Fear Manach; Tír Eoghain; Doire; Ard Mhacha; An Cabhán; Muineachán; Lú; agus Dún na nGall. Tionscadal é a sheachadtar i gcomhar le hoibrithe don aos óg agus laghdóidh sé constaicí roimh an bhfoghlaim agus

cuirfidh sé ar chumas páirt a ghlacadh mar shaoránaigh gníomhacha agus tógálaithe na síochána laistigh dá bpobail féin. Tacaíonn an tionscadal Leo chun a bpoitéinseal a Chomhlíonadh, chun scileanna agus muinín a fhorbairt, agus rannchuidiú le cruthú sochaí níos comhtháite

**Cistiú a Dámhadh: €2.4m**



**Rannpháirtithe óga i dtionscadal TRANSFORM, a sheachadtar ar bhonn trasteorann agus trasphobail.**

# Caidrimh Dhearfacha a Thógáil (Réigiúnach)

**Tá an Clár PEACE IV ceaptha chun caidrimh dhearfacha a thógáil. Tá sé ag tacú le líon tionscnamh ar an leibhéal réigiúnach a tharchéimníonn teorainneacha na n-údarás áitiúla.**

**Tá na tionscnamh réigiúnacha seo ag éascú chomh maith leis an gcomhoibriú trasteorann. Tá na cláir go léir lena dtacaítear ceaptha chun caidrimh dhearfacha a chur chun cinn agus cabhrú le daoine maireachtáil, foghlaim agus bualadh le chéile, gan chlaontacht, fuath ná éadulaingt. Ar na samplaí de sin tá:**

**'DARE to Lead Change'**
**(Comhphléanna i dtaobh Cine agus Eitneachta)**
Faoi stiúir Bryson Intercultural, i gcomhar le TIDES Training, táthar ag iarraidh le DARE to Lead Change caidrimh dhearfacha a chur chun cinn idir Caitlicigh, Protastúnaigh agus daoine as cúlra Gorm & Mioneitneachta ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn.

Tairgtear deis leis an tionscadal do dhaoine áitiúla i bpobail, scoileanna agus áiteanna oibre chun páirt a ghabháil i gcomhphléanna maidir le cine agus eitneacht. Spreagtar rannpháirtithe chun bheith gníomhach agus leas a bhaint as saoroiliúint faoi Dheachaidrimh agus Ilghnéitheacht a Thuiscint.

Baintear leas leis an tionscadal as oiliúint agus comhphlé chun caidrimh idir daoine áitiúla agus a gcomharsana nua as cultúir agus pobail eile a thógáil, a fheabhsú agus a choimeád ag imeacht.

**Cistiú a Dámhadh: €843K**




**Tairbhithe agus comhordaitheoirí ag freastal ar lainse oifigiúil an tionscadail DARE to Lead Change ar 13 Márta 2018.**

**‘Shaping Ourselves and Our Children’**

Faoi stiúir an Lifestart Foundation, tá an tionscnamh seo ag seachadadh cláir fhorbartha leanaí agus ilghnéitheachta cultúrtha faoina spreagtar tuismitheoirí chun machnamh ar an gcaoi a dtéann a n-eispéiris luatha, a meon agus a luachanna féin i gcion ar dhearcthaí a gclainne orthu féin agus ar dhaoine eile.

Tá sé ag iarraidh scéalta a cheistiú a d’fhéadfadh oidhreacht na dTrioblóidí a tharchur anonn ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile. Déanfaidh sé é seo trí chlár forbartha leanaí agus ilghnéitheachta cultúir a sheachadadh, ina bhfoghlaimeoidh tuismitheoirí faoin gcaoi gur féidir lena n-iompraíochtaí agus a stíleanna tuismitheoireachta dul i gcion ar fhorbairt a gclainne.

**Cistiú a Dámhadh: €1.3m**




Leanaí óga ag glacadh páirte in ócaid feisteas théamúil de chuid an tionscadail Shaping Ourselves and Our Children.

# Oideachas le Chéile

**Ar an iomlán, freastalaíonn 92.6% de na leanaí i dTuaisceart Éireann ar scoileanna atá bainteach go príomha leis an gcreideamh Caitliceach nó leis an gcreideamh Protastúnach. In Éirinn ní luaitear ach le 2% de na scoileanna go bhfuil siad il-sainchreidmheach. Dá bharr seo is beag deis a bhíonn ag formhór na leanaí le linn na mblianta is luaithe acu casadh ar dhuine as cúlra difriúil creidimh.**

**Chun iarracht a dhéanamh é seo a leasú, tugtar tacaíocht faoin gClár PEACE IV do thionscnaimh oideachais le chéile ar dhá thaobh na teorann. Tugann an t-oideachas le chéile na scileanna agus an meon do dhaoine óga a theastaíonn uathu má tá siad chun sochaí a thógáil ina mbeidh an timthriall na deighilte briste. Ar na samplaí den obair seo tá:**

**'Collaboration through Sharing in Education' (CASE)**

Táthar ag seachadadh an tionscadail CASE ar bhonn trasteorann i gcomhpháirtíocht leis an Education Authority Northern Ireland agus Léargas Ireland. Cuirfidh sé ar chumas 377 scoil agus 135,000 dalta páirt a ghlacadh san oideachas le chéile trí 163 comhpháirtíocht scoile. Ina theannta sin, oilfear 2,000 múinteoir chun 30 uaire ar a laghad d'oideachas le chéile a éascú agus a sheachadadh i gcas na ndaltaí i gceist.

Cuireann an t-oideachas le chéile ar chumas scoileanna as earnálacha éagsúla oibriú i gcomhpháirtíocht chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí, do lucht foirne agus don phobal gabháil le heispéiris chomhoibríocha bríocha foghlama.

**Cistiú a Dámhadh: €28.9m**



**Leanaí óga ag freastal ar lainse oifigiúil an tionscadail CASE ar 21 Márta 2018.**

## ‘Sharing from the Start’

Leis an tionscadal Sharing from the Start Bíonn bíonn suíomhanna luath-óige ar fud Thuaisceart Éireann agus contaetha na teorann in Éirinn gafa le comhpháirtíochtaí trasphobail agus/nó trasteorann.

Glacfaidh na leanaí páirt i ranganna comhchuraclacha, chun feabhas a chur ar a gcuid torthaí oideachasúla agus deachaidrimh a chur chun cinn. Táthar ag úsáid cistithe chun cur ar chumas réamhscoileanna páirt a ghlacadh i dtionscadail oideachais le chéile ar mhaithe le torthaí oideachasúla, agus comhtháthú, cuimsiú agus ilghnéitheacht trasphobail a fheabhsú.

Faoi stiúir Early Years, i gcomhar leis an National Childhood Network agus an Fermanagh Trust, tá sé d’aidhm ag an tionscadal beagnach 10,000 leanbh réamhscoile i ngníomhaíochtaí le chéile ar bhonn marthanach faoi 2021.

**Cistiú a Dámhadh: €4.25m**



**Ar gcúl C-D) Denise McCormilla NCN; Lauri McCusker Fermanagh Trust. (Tosach C-D) Alison Chambers Department of Education; Ian McKenna An Roinn Oideachais agus Scileanna; Mark Feeney CCSAE agus Siobhan Fitzpatrick (IarPOF de Early Years) le leanaí as Naíonra Ardstraw agus Naíonra Little Flower.**



**'CoH-Sync'**

Tá an tionscadal ag cabhrú le hiarrachtaí an phobail, agus na n-earnálacha sláinte deonacha agus reachtúla, a shioncrónú ar mhaithe le sláinte agus folláine daoine aonair agus pobal ar bhonn trasteorann.  Faoi stiúir an FSS, beidh sé ina chabhair chun baic a bhriseadh idir na hearnálacha pobail agus reachtúla trí Mhoil Pobail sláinte agus folláine a bheidh suite go háitiúil a chruthú.

# Forbhreathnú ar an gClár INTERREG VA

Tá an Clár INTERREG ceaptha go sainiúil chun déileáil le fadhbanna a éiríonn as teorainneacha bheith ann. Féadann teorainneacha forbairt gheilleagrach a laghdú, constaicí a chur roimh bhainistiú éifeachtach an chomhshaoil, agus constaicí a chur roimh an taisteal agus roimh sheachadadh seirbhísí riachtanacha cúraim sláinte agus sóisialta.

Ó thús INTERREG IA i 1991 go dtí deireadh INTERREG VA in 2020, beidh tuairim is €1.13 billiún tugtha ag an gClár don réigiún. As an bhfigiúr seo, sholáthair an tAontas Eorpach tuairim is €810 milliún go díreach.

Ceann is ea an Clár INTERREG VA de bhreis is 60 clár cistithe ar fud an Aontais Eorpaigh atá ceaptha go sainiúil chun déileáil le fadhbanna a éiríonn as teorainneacha bheith ann.

Tá an Clár nua INTERREG VA (2014-2020) ceaptha chun leibhéil níos airde comhtháite geilleagraí, sóisialta agus críche ar fud Thuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann in Éirinn agus Iarthar Alban.

Tá luach iomlán de tuairim is €283 milliún, cuimsíonn sé seo rannchuidiú CFRE de €240 milliún (85%) agus ciste comhoiriúnaithe de €43m (15%) arna rannchuidiú ag Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.




Faoi dheireadh 2018, bhí 97.3% de luach iomlán an chláir leithdháilte ar 32 tionscadal difriúla.




Faoi dheireadh 2018, bhí tuairim is €275.08m de luach iomlán an chláir, €283m leithdháilte.

Tugtar tuilleadh mionsonraí insna cás-staidéir seo a leanas ar roinnt de na tionscadail nua seo don tréimhse cláreagraithe 2014-2020.

# Taighde & Nuálaíocht

**Tá fadhb ag na trí réigiún go léir de Chlár INTERREG VA maidir le leibhéil ísle Taighde & Nuálaíochta sa ghnó. Cuireann sé seo moill ar an bhfás geilleagrach agus cuireann sé cosc ar ghnóthaí bheith chomh iomaíoch agus is ceart dóibh a bheith.be.**

**Trí oibriú le chéile, áfach, i gcomhar le hollscoileanna agus coláistí, ar bhonn trasteorann, féadann gnóthaí a leibhéil Taighde & Nuálaíochta a fheabhsú. Beidh sé seo ina chabhair dóibh táirgí, próisis agus seirbhísí nua a fhorbairt; agus sa chaoi sin breis brabúis a ghnóthú agus jabanna nua a chruthú. Ar na samplaí den obair seo tá:**

**An 'Eastern Corridor for Medical Engineering Centre' (ECME)**
Tá an poitéinseal ag an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht le tamall anuas seachadadh an chúraim sláinte a athrú as éadan, an tréimhse a chaitear san ospidéal a laghdú, agus tacú le daoine aosta ina dteaghlach agus ina bpobal féin go sábháilte, go neamhspleách agus go compordach.

Tá an poitéinseal ag an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht le tamall anuas chun seachadadh an chúraim sláinte a athrú as éadan, an tréimhse a chaitear san ospidéal a laghdú, agus tacú le daoine aosta ina dteaghlach agus ina bpobal féin go sábháilte, go neamhspleách agus go compordach.

Cruthófar leis an tionscadal bunachar sonraí sláinte cairdiaiche, teicneolaíocht braiteora agus teicneolaíocht chliste inchaite ar ghrád leighis.





**Luach Cistithe: €8.15m**

**‘The North West Centre for Advanced Manufacturing’**

Faoi stiúir Catalyst, cruthófar leis an tionscadal ‘sárbhraisle’ nua trasteorann laistigh den earnáil ghnó agus taighde Eolaíochtaí Sláinte & Beatha. Tacóidh sé le naoi bpríomhchomhlacht Eolaíochtaí Sláinte & Beatha, atá gafa le 15 tionscadal difriúla taighde, chun táirgí agus próisis nua a fhorbairt.



Earcófar iomlán de 26 taighdeoir PhD agus iardhochtúireachta thar shaolré an tionscadail, chun bheith ag obair leis na hocht chomhlacht rannpháirteacha, ag cruthú dóibh suas go dtí luach 98.5 bliain de thaighde coibhéis PhD lánaimseartha.

Tugtar le chéile leis an tionscadal saineolas an Engineering Research Institute ag Ollscoil Uladh; an James Watt Nanofabrication Centre ag Ollscoil Ghlaschú; an PEM Centre ag Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach; agus an áis CoLab ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.



**Cistiú a Dámhadh: €8.5m**

# Comhshaol

**Ní aithníonn an comhshaol go bhfuil teorainneacha ann. Insna trí dhlínse go léir den Chlár INTERREG VA tá speicis agus gnáthóga atá ag meath go tapa agus gur gá iad a chosaint. Tá, freisin, uisce óil, aibhneacha agus ceantair cósta acu go léir atá á dtruailliú.**

**Tá an comhoibriú trasteorann riachtanach chun déileáil le fadhbanna den sórt sin. Tá an Clár spriocdhírithe ar sheacht chineál ar leith gnáthóg agus speicis tosaíochta a chosnóidh sé. Tá sé ag cistiú chomh maith tionscnaimh cistithe a dhéanfaidh monatóireacht, agus a chuirfidh cosc, leis an truailliú inár n-aibhneacha agus farraigí. Ar na samplaí den obair seo tá:**

**'Marine Protected Area Management and Monitoring' (MarPAMM)**
Leis an tionscadal seo táthar ag sainscagadh eolais i dtaobh speiceas agus gnáthóg do na Marine Protected Areas (MPAs) i dTuaisceart Éireann, Iarthar na hAlban agus Réigiún na Teorann in Éirinn.

Táthar ag baint leasa as an eolas seo chun ceithre shamhail ríomhaire a thógáil a bhaineann le scaipeadh speiceas gluaisteach ar nós éan mara agus rón agus le cónaitheoirí ar ghrinneall na farraige agus leis na próisis cósta a mhúnlaíonn an comhshaol.

Beidh sé ina chabhair chun sláinte agus inbhuanaitheacht an éiceachórais mhuirí trasteorann a chosaint insna trí dhlínse go léir. Taighdeoirí ón Agri-Food and Biosciences Institute atá i gceannas ar an tionscadal agus á chomhordú, agus tá sé mhórsholáthraí eile taighde muirí gafa leis, iad ag feidhmiú mar líonra uathúil comhoibrithe trasteorann.





**Cistiú a Dámhadh: €5.9m**

**‘Collaborative Action for the Natura Network’ (CANN)**

Faoi stiúir Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, comhpháirtíocht uathúil trasteorann is ea an tionscadal seo ar a bhfuil 11 eagraíocht ar a n-áirítear údaráis áitiúla, institiúidí taighde agus carthanachtaí as gach carn den réigiún.




Tá obair ríthábhachtach caomhnaithe comhshaoil á déanamh ag lucht an tionscadail ar 25 suíomh ainmnithe roghnaithe, iad ag cosaint gnáthóg agus ag tacú le speicis tosaíochta atá le fáil i dTuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann in Éirinn agus Iarthar na hAlban.

Táirgfidh sé 27 Plean Aicsin Caomhnaithe chun téarnamh comhshaoil breis is 25,000 heicteár de thalamh ainmnithe a threorú agus feabhas díreach a chur ar stádas caomhnaithe breis is 3,000 heicteár de ghnáthóga cosanta.

Ar na gnáthóga agus na speicis chosanta beidh éin ar nós chromán na gcearc; an fheadóg bhuí; agus an chearc fhraoigh; feithidí ar nós an fhritileáin réisc; agus speicis úruisce ar nós na piardóige liathbháine.




**Cistiú a Dámhadh: €9.23m**

# An tSláinte & Cúram Sóisialta

**Le daonra atá ag méadú agus ag dul in aois i gcónaí tá éileamh méadaitheach i gcónaí ar chóras cúraim sláinte atá faoi bhrú cheana. Féadann comhoibriú trasteorann é seo a mhaolú trí na seirbhísí cúraim sláinte a nascadh le chéile chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí..**

**Faoin gcuspóir seo den chlár, táthar ag úsáid cistithe chun feabhas a chur ar shláinte agus folláine na ndaoine a bhfuil cónaí orthu ar fud an réigiúin trí chur ar a gcumas rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta ar ardchaighdeán sa suíomh is oiriúnaí dá riachtanais. Ar na samplaí den obair seo tá:**

**Tionscadal Sláinte Meabhraí: 'Innovation Recovery'**
Bunófar leis an tionscadal Líonra Coláiste Téarnaimh Sláinte Meabhraí trasteorann idir Éire agus Tuaisceart Éireann chun tacú le daoine atá ag téarnamh ó fhadhbanna sláinte meabhraí.

Cuirfidh an Coláiste Téarnaimh oideachas ar fáil mar bhealach chun téarnaimh agus beidh cúrsaí iontu a bheidh ceaptha agus á seachadadh go comhoibríoch ag daoine a mbeidh taithí ar an tinneas meabhrach acu féin, in éineacht le gairmithe sláinte meabhraí.

Tá i gceist leis an tionscadal seo aistriú bunúsach ó shamhlacha traidisiúnta leighis den chóireáil go dtí cur chuige bunaithe ar an gcomhoibriú, lena ligfear do dhaoine teacht chun bheith mar chomhpháirtithe gníomhacha ina dtéarnamh féin.

**Cistiú a Dámhadh: €7.6m**



innovation recovery
education for mental wellbeing

**'Cross-Border Healthcare Intervention Trials in Ireland Network' (CHITIN)**
Comhpháirtíocht uathúil thrasteorann is ea tionscadal CHITIN idir an Public Health Agency i dTuaisceart Éireann agus an Bord Taighde Sláinte in Éirinn.

Tá sé mar aidhm aige infreastruchtúr a fhorbairt agus trialacha idirghabhála sláinte a sheachadadh chun breoiteacht a chosc agus a leigheas agus, sa chaoi sin, feabhas a chur ar shláinte agus folláine tuairim is 3,500 duine a bhfuil cónaí orthu ar dhá thaobh na teorann.

Leis an gcistiú cumasófar 11 triail idirghabhála sláinte insna réimsí tosaíochta, Sláinte an Daonra; Cúram Príomhúil agus Seirbhísí do Dhaoine Aosta; Sláinte Mheabhrach; Seirbhísí Géara; Seirbhísí Míchumais; agus Seirbhísí do Pháistí.

Déanfaidh trialacha dá leithéid imscrúdú chun a fháil amach an bhfuil triail nó gnás nua sábháilte; measúnóidh siad cé acu an bhfuil sé níos fearr ná an chóireáil reatha; agus beidh siad ina gcabhair chun acmhainní a dhíriú chuig na straitéisí agus na cóireálacha is fearr a fheidhmíonn.

**Cistiú a Dámhadh: €8.8m**

[ chitin ]
kite-tin

# Iompar Inbhuanaithe

**Tá úsáid carranna i réim maidir leis an iompar ar fud an réigiúin agus as sin tagann ráta ard astuithe carbóin. Tiocfaidh méadú air seo i gcónaí de réir mar a thagann méadú ar an daonra. Tá an Clár ag tacú le tuilleadh nascachta trasteorann chun líonraí iompair comhleanúnacha a bheidh báúil leis an gcomhshaol a chruthú.**

**Faoin gcuspóir seo den chlár, úsáidtear cistiú chun cur leis an líon aistear trasteorann de shiúl, ar rothar nó trí mhodhanna eile níos inbhuanaithe iompair. Ar na samplaí den obair seo tá:**

**'Mol Iompair don Iarthuaisceart'**
Faoi stiúir na Roinne Infreastruchtúir i TE, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin; Translink; Sustrans; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in Éirinn; Comhairle Contae Dhún na nGall; agus Transport Scotland, seachadfaidh an tionscal seo mol ilchóracha iompair a chuirfidh leis an nascacht in Iarthuaisceart na hÉireann.

I measc na dtograí atá i gceist tá athchóiriú agus athdheisiú Waterside Railway Station, mar a bhí, atá anois liostaithe; ardáin nua; Park & Ride feabhsaithe; Ionad Taistil Gníomhach, Inbhuanaithe; caschiorcal nua do busanna; nasc Féarbhealaigh (a bheidh mar nasc idir an Mol agus an Urban Greenway Network atá ann cheana) mar aon le hoibreacha Raoin; Comharthaíochta agus Teileachumarsáide.



An artists impression of the new facility.

**Luach Cistithe: €23.5m**

**‘Líonra Féarbhealaigh an Iarthuaiscirt’**
Cuimsíonn Réigiún an Iarthuaiscirt Ceantar Chathair Dhoire agus an tSratha Báin (DCSDC), Dún na nGall thuaidh agus thoir, agus tá tírdhreach saibhir, nádúrtha, cultúrtha agus tógtha agus cuid den radharcra nádúrtha is fearr ar an oileán le fáil ann.




Ceantar é atá suite ar an teorann TE/Éire agus bíonn sé ag brath go mór ar dhaoine agus earraí araon bheith ag bogadh trasna na teorann, tuairim is 325,000 aistear trasteorann a dhéantar in aghaidh na seachtaine.

Faoi stiúir Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire & an tSratha Báin, in éineacht lena gcomhpháirtithe tionscadail Comhairle Contae Dhún na nGall; An Roinn Infreastruchtúir; agus Sustrans, tógfaidh lucht an tionscadail 46.5km d’infreastruchtúr Féarbhealaigh taobh le trí phríomh-thrasbhealach teorann in Iarthuaisceart Éireann.



A luaithe a bheidh siad curtha i gcrích, beidh na bealaí seo mar infreastruchtúr sábháilte, inrochtana chun rothaíocht agus siúl trasteorann a spreagadh, agus cuirfidh siad aistriú córa iompair ar fáil mar aon le taisteal inbhuanaithe chun lorg an charbóin i Réigiún an Iarthuaiscirt a laghdú.

**Luach an Chistithe: €14.9m**



**'Futures'**
Tairbhithe óga ag glacadh páirte i dtionscadal cónaitheach Futures atá ag cabhrú leis na céadta duine d'aois 16-24 bliain cur lena gcumas chun caidrimh dhearfacha, éifeachtacha a chur ar bun le daoine eile as cúlra difriúil agus rannchuidiú go dearfach le sochaí níos comhtháite a bheidh réidh don todhchaí a thógáil.

# Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha

I gcaitheamh 2018, lean CCSAE leis ag tacú le forbairt tionscadal i dTuaisceart Éireann, iad ag obair i gcomhar le comhghleacaithe i dTionóil Réigiúnacha na hÉireann chun a chinntiú go bhforbrófar comhpháirtíochtaí trasteorann áit is féidir.

Áiríodh ar an gclár tacaíochta a thairg CCSAE seisiúin duine le duine i rith na bliana le iarratasóirí féideartha, ceardlanna/seimineáir faisnéise clár ag a raibh CCSAE agus an UK National Contact Points agus nuachtlitreacha ag cur eolais in iúl maidir leis na ceithre Chlár VB agus VC, an Clár  Imeall Thuaidh agus Artach, an Clár d'Iarthuaisceart na Eorpa, Clár an Atlantaigh agus Clár Interreg Europe san áireamh.

Faoi 31ú Nollaig 2018, bhí iomlán de 56 tionscadal faofa agus Comhpháirtí amháin ar a  laghad as Tuaisceart Éireann san áireamh (67 Comhpháirtí TE ar fad faofa). I gcás an-chuid de na tionscadail seo tá comhpháirtithe as TE agus Éirinn ag oibriú le chéile go comhoibríoch chun déileáil le fadhbanna atá acu araon.  Tá breis is €15.6m (CFRE) leithdháilte ar comhpháirtithe TE chun gníomhaíocht a chur i gcrích faoi na Cláir.

### Tionscadal 'CLIMATE'

Tá breis is €1.37m dáfa ar an 'Collaborative Learning Initiative Managing and Adapting to the Environment' nó tionscadal CLIMATE, atá arna chistiú faoin gClár Imeall Thuaidh agus Artach.  Tá sé mar aidhm ag an tionscadal feasacht ar an athrú aeráide i bpobail tuaithe ar fud na hEorpa a chur chun cinn agus chun feabhais trí chur chuige eolas-bhunaithe agus pleanáil don acmhainniú inbhuanaithe a bheith arna treorú ag an bpobal.

Sainaithneoidh sé samhlacha don dea-chleachtas chun bheith mar bhonn eolais ag Pleananna Oiriúnaithe Aeráide. Tá an tionscadal á sheachadadh thar cheithre réigiún difriúla ar a n-áirítear TE, an tSualainn, Éire agus Oileáin Fharó. Thionól an tionscadal ceardlann oiriúnaithe aeráide agus ionadaithe ann ó Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin.



**Comhaltaí Ghrúpa Stiúrtha Chlár CLIMATE.**

# Comhroinnt na gClár in 2018

**Mar chuid dá straitéis gafacht le páirtithe leasmhara, chomhordaigh CCSAE roinnt taispeántas agus cuairteanna ar thionscadail le raon leathan páirtithe leasmhara polaitiúla chun cabhrú le hobair na gClár PEACE IV agus INTERREG VA a chur chun cinn.**

Ar 12 Meán Fómhair 2018, chomhordaigh CCSAE roinnt cuairteanna tionscadail PEACE IV agus INTERREG VA d'Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha na hÉireann, Helen McEntee TD. Ghlac an tAire go han-mhaith leis na cuairteanna seo agus thug siad léargas mionsonraithe ar thorthaí an dá chlár.



**Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha na hÉireann, Helen McEntee TD ar cuairt ar chuid de na tionscadail atá arna gcistiú ag INTERREG VA ag Ollscoil Uladh.**




**Aire Airgeadais & Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na hÉireann, Paschal Donohoe TD ag bualadh le tairbhithe den tionscadal Journeys atá arna chistiú ag PEACE IV.**

D'éascaigh CCSAE chomh maith le cuairt ar thionscadal don Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, Paschal Donohoe TD ar 17 Meán Fómhair 2018. Tharla an chuairt ag ceardlanna a seachadadh tríd an tionscadal Journeys' atá arna chistiú ag PEACE IV.

I gcomhar leis an European Policy and Co-ordination Unit of The Executive Office, chomhordaigh CCSAE cuairt ar thionscadal 24 Meán Fómhair 2018 do Leasionadaí Buan ag an Aontas Eorpach na RA, Katrina Williams. Áiríodh air seo comhphlé comhchéime le tionscadail arna gcistiú ag PEACE IV i Bagenal Castle, san Iúr, agus fáiltiú tráthnóna i mBéal Feirste le tionscadail eile arna gcistiú ag PEACE IV.

Ar 12 Deireadh Fómhair 2018, d'fhreastail An Taoiseach, Leo Varadkar TD ar lainse oifigiúil an tionscadail 'Rural Respecting Difference' atá arna chistiú ag PEACE IV i Muineachán. Thar thréimhse trí bliana, beidh an tionscadal ag gabháil le leanaí óga atá ag freastal ar réamhscoil tuaithe, ar chúram lae agus ar shuíomhanna iarchúraim chun tuiscint níos fearr a chruthú ar dhifríochtaí sóisialta, eitneacha agus cultúrtha.



**Katrina Williams, Leasionadaí Buan na Ríochta Aontaithe ag an Aontas Eorpach, ag bualadh le roinnt de na tionscadail atá arna gcistiú ag PEACE IV and INTERREG VA.**

Ar 21 Samhain 2018, shocraigh CCSAE chomh maith cuairteanna ar dhá thionscadal PEACE IV don Rúnaí Buan ag an Roinn Airgeadais, Sue Gray.

Tá beart déanta ag an obair seo go léir chun próifíl na gClár PEACE IV agus INTERREG VA a ardú agus sárthaispeántas a thabhairt den tionchar bunathraitheach a bhíonn acu ar dhá thaobh na teorann.



**Michel Barnier, Príomhchaibidleoir Eorpach d'Imeacht na RA as an AE, ag labhairt le daoine as roinnt de na tionscadail atá arna gcistiú ag PEACE IV and INTERREG VA i nDún Dealgan. (Feic na mionsonraí lastall).**

# Gníomhaíochtaí Móra Faisnéise in 2018

Ar 30 Aibreán 2018, chomhordaigh CCSAE taispeántas a bhí dírithe ar thionscadal ag ócáid Comhphlé Sibhialta Uile-Oileáin i nDún Dealgan. Ag an ócáid, bhuail Michel Barnier, Príomhchaibidleoir Eorpach d'Imeacht na RA as an AE, le roinnt de na tionscadail arna gcistiú ag PEACE IV agus INTERREG VA.

Faoi urraíocht Cheann Comhairle Dháil Éireann, Seán Ó Fearghaíl TD rinneamar taispeántas idirghníomhach tionscadail a chomhordú i dTeach Laighean. Thug líon TDanna agus Seanadóirí cuairt ar an taispeántas seo An Tánaiste Simon Coveney san áireamh.

Ag an ócáid, thug roinnt de na tionscadail arna gcistiú ag PEACE IV taispeántais agus thug siad láithreachais ghearra mar chuid de chomhphlé painéal i Seomra CA Theach Laighean.

Thug CCSAE taispeántas chomh maith ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ó 18 – 20 Meán Fómhair 2018, sa Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí in Éirinn. Le linn na hócáide, thug Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, cuairt ar an seastán chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionchar atá ag tionscadail arna gcistiú ag PEACE IV ar bhonn trasteorann.



**Ceann Comhairle Dháil Éireann, Seán Ó Fearghaíl TD ag tabhairt láithreachais ghearr i dTeach Laighean taobh le sampla de na tionscadail atá arna gcistiú ag PEACE IV and INTERREG VA.**



Grianghraf a tógadh ag lainse oifigiúil an tionscadail Journeys leanaí & daoine óga, tionscnamh nuálach trasteorann atá ceaptha chun tacú le daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste nó i mbaol as pobail ilghnéitheacha i Mórcheantar Bhéal Feirste/ Léim an Mhadaidh & Muineachán /Cabhán.

# Cuntais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018

### Faisnéis Chúlra

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) atá arna urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bunaíodh CCSAE ar an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1998 lenar bunaíodh comhlachtaí forfheidhmithe, a bhfuil an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 ina mbuntacaí ina leith.

Tuairiscíonn CCSAE don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige Cistí Struchtúracha áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail PEACE agus INTERREG, a riar agus, leis sin, tacaíocht a thabhairt do réimse clár forbartha agus athnuachana i dTuaisceart Éireann, i Réigiún na Teorann in Éirinn, agus in Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir leo seo a leanas:

- Na socruithe airgeadais atá i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- Treoir ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a fhoráiltear di i Meamram Airgeadais CCSAE; agus
- An Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

### Léargas Gnó/Príomhghníomhaíochtaí

Tá léargas ar ghníomhaíochtaí CCSAE agus ar fhorbairtí amach anseo le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá an Chomhairle Aireachta Thuaidh/ Theas (NSMC) freagrach as pleananna gnó na heagraíochta a fhaomhadh. Mar gheall ar gan Tionól Thuaisceart Éireann bheith ann ní raibh an NSMC in ann teacht le chéile agus dá bhrí sin níl na pleananna gnó 2017, 2018 ná 2019 faofa go fóill. Tá socruithe teagmhais curtha ar bun ag an Roinn Airgeadais chun a chinntiú go leanfar le seachadadh na seirbhísí ag na comhlachtaí Thuaidh Theas go léir, agus go seachnófar ag an am céanna caiteachas neamhdhleathach ag na Ranna.

Is é an tréimhse reatha Clár ná 2014-20, agus dá réir sin lainseáladh Cláir PEACE IV agus INTERREG VA na RA/na hÉireann go hoifigiúil go luath in 2016.

### Torthaí don bhliain

Tá ioncam agus caiteachas an CCSAE mionsonraithe ar leathanach 54. Ba é €nialas (Stg £nialas) – 2016: €nialas (Stg £nialas) an barrachas don bhliain.

### Sócmhainní Seasta

Tá sonraí faoi ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais.

Le linn na bliana, bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le crua-earraí agus bogearraí TF.

### Taighde agus Forbairt

Ní raibh caiteachas suntasach ar bith ann sa réimse seo.

### Teagmhais Thábhachtacha a Tharla Tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla teagmhas tábhachtach ar bith ó bhí deireadh na bliana ann a raibh tionchar aige ar na Cuntais seo.

### Tabhartais Charthanachta

Ní dhearna Comhlacht na gClár Speisialta AE tabhartas carthanachta ar bith le linn na bliana airgeadais.

### Comhaltaí an Bhoird

Is í an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna CCSAE. Níl comhalta boird ar bith ann.

Níl stiúrthóireacht ná leas ar bith eile ag an bPríomhfheidhmeannach a bheadh ag teacht salach ar a cuid freagrachtaí bainistíochta.

### Íocaíochtaí le Soláthraithe

Tá tiomantas ag Comhlacht na gClár Speisialta AE maidir le billí a íoc go pras i ndáil le hearraí agus seirbhísí, de réir an Achta um Íoc Déanach i leith Fiach Tráchtála (Ús) 1998 sa Ríocht Aontaithe (Late Payment Of Commercial Debts (Interest) Act), arna leasú leis na Rialacháin um Íoc Déanach i leith Fiach Tráchtála 2013, agus de réir Rialacháin na hÉireann um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2013.

Mura bhfuil a mhalairt sonraithe sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite taobh istigh de 30 lá, de réir mar is cuí, ón lá a fhaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón lá a chuirtear i láthair sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil, cibé ceann acu is déanaí.

Tá riail um íocaíocht phras taobh istigh de 30 lá i bhfeidhm i ngach Oifig de chuid CCSAE, beag beann ar an dlínse as a dtagann an bille. In athbhreithnithe rialta a rinneadh lena thomhas cé chomh pras agus a d'íoc Comhlacht na gClár Speisialta AE a chuid billí, fuarthas amach gur íocadh 96.81% (2017 - 99.9% ) de na billí de réir na sprice sin.

I mí na Nollag 2008, tugadh treoir do na Comhlachtaí Poiblí i dtuaisceart Éireann tacú le gnólachtaí trí gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe laistigh de 10 lá ón lá a fhaightear sonrasc bailí. I gcaitheamh 2018 d'íoc CCSAE 80.91% dá chuid sonrasc laistigh de 10 lá (2017: 86%).

Tá Téarmaí agus Coinníollacha leagtha síos ag CSCAE leis na Ranna Cuntasacha maidir le Deontais a Íoc, ionas go ndéanfar íocaíochtaí le tionscadail tríd an Aonad Láraithe Íocaíochtaí. Fágann sin go mbíonn ar CCSAE íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail laistigh de 8 lá oibre ó thug an tÚdarás Bainistíochta faomhadh don tuairisc tionscadail lena mbaineann.

Baineadh an sprioc sin amach i gcás 99.81% (2017 – 95.12%) de na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, agus seo a leanas anailís orthu:

| | An Líon Sonrasc | % de réir sprice | Íoctaí. déanacha |
|---|---|---|---|
| PEACE IV | 557 | 99.64% | 2 |
| INTERREG VA | 507 | 100.00% | 0 |
| **Iomlán** | **1,064** | **99.81%** | **2** |

### An Beartas Sláinte & Sábháilteachta

Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta scríofa ullmhaithe ag CCSAE agus tá sé scaipthe ar gach ball foirne. Tá an beartas ag teacht leis na riachtanais nach mór a chomhlíonadh faoin dlí maidir le sláinte agus sábháilteacht sa dá dhlínse sa dóigh is gur féidir le CCSAE ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagraíocht.

### Fostaithe atá faoi Mhíchumas

Is léiriú é Plean Gníomhaíochta um Míchumas CCSAE ar an tiomantas atá ag an eagraíocht a cuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh de réir Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais, 1995.

Leagtar amach sa phlean bearta a chuirfidh CCSAE i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach comhionannas deiseanna, ní amháin dá chuid fostaithe féin, ach freisin i gcás iarratasóirí agus fostaithe sa todhchaí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean gach trí bliana de réir thráthchlár Pleanála Corparáidí CCSAE.

Tá CCSAE tiomanta do bheith ag caitheamh le gach ball foirne agus le gach iarratasóir ar fhostaíocht atá faoi mhíchumas le dínit agus le meas, agus soláthróidh sé timpeallacht oibre atá saor ó idirdhealú mídhleathach, ó íospairt agus ó chiapadh ar bhonn míchumais.

Go sonrach, tá sé mar aidhm ag CCSAE:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chothú ina nglactar go furasta le daoine atá faoi mhíchumas;
- An timpeallacht oibre agus na cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú go mbainfear constaicí, nuair is féidir, lena gcuirtear isteach ar chumas na mball foirne sin atá faoi mhíchumas a bheith lánpháirteach sa saol in CCSAE;
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil;
- Cinntiú go ndéanfar forbairt ar scileanna agus mianach na mball foirne sin atá faoi mhíchumas, trí oiliúint agus trí fhorbairt foirne; agus
- Rochtain a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán na ndeiseanna earcaíochta agus forbartha gairme atá ar fáil.

Clúdaíonn an Plean reatha Gníomhaíochta um Míchumas an tréimhse 2017-2019. Tá an plean ailínithe leis na tiomantais straitéiseacha i leith ceisteanna maidir le míchumas a áiríodh in ár bPlean Corparáideach 3 bliana 2017-2019.

### Páirtíocht na bhFostaithe

Táthar tar éis fostaithe a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú trí mheán bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear cruinnithe foirne, grúpaí oibre foirne ad hoc, agus imeachtaí struchtúrtha pleanála corparáidí a bhíonn ar siúl go bliantúil. Déantar cur in iúl na mbeartas foirne go léir a bhainistiú trí thairseach ar líne, rud a chinntíonn go mbeidh fáil ar an bhfaisnéis agus go mbeidh sí cothrom le dáta.

**Gina McIntyre**
**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**27 Meitheamh 2019**

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Tá treoir tugtha ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do Chomhlacht na gClár Speisialta AE ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana dar chríoch an 31 Nollaig san fhormáid agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na ráitis airgeadais seo.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór go dtabharfaí léargas fíorcheart iontu ar chúrsaí CCSAE ag deireadh na bliana, ar a chuid ioncaim agus caiteachais, ar na gnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, agus ar an sreabhadh airgid don bhliain féilire.

Ag ullmhú na gcuntas dó, ní mór do CCSAE an méid seo a leanas a dhéanamh

- Cloí leis an treoir chuntas arna heisiúint ag na Ranna Coimircíochta, na riachtanais ábhartha chuntasaíochta agus nochta san áireamh, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;

- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;

- Lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe nó nár cloíodh leo, agus difríocht ábhartha ar bith sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú; agus

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh CSCAE ag feidhmiú.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta do CCSAE, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht cistí poiblí agus as taifid chearta a choinneáil, leagtha amach sa Mheamram Airgeadais.

# Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh/Ráiteas faoi Rialachas

### Réamhrá

Leagtar amach sa Ráiteas seo faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh/ Rialachas do Chomhlacht na gClár Speisialta AE na struchtúir rialachais, an bhainistíocht rioscaí agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm san eagraíocht i rith na bliana airgeadais 2018 agus suas go dtí dáta faofa na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas. Ullmhaíodh an ráiteas seo de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Airgeadais (RA) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in 2018.

### Raon feidhme na Freagrachta

Tá sé mar fhreagracht ormsa, i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, córas slán rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun lena gcuidítear le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí CCSAE a bhaint amach agus, san am céanna, cistí poiblí agus sócmhainní CCSAE a chosaint – sócmhainní a bhfuil freagracht phearsanta orm ina leith – de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom in Managing Public Money Northern Ireland agus sna Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí (treoir do Ranna agus Oifigí Rialtais na hÉireann).

Leagtar amach go mionsonraithe sa Mheamram Airgeadais (2006) idir CCSAE agus a Ranna Coimircíochta na freagrachtaí atá ar an Oifigeach Cuntasaíochta (an Príomhfheidhmeannach), laistigh de chreat airgeadais agus gnó. Ní mór do CCSAE feidhmiú de réir na gcaighdeán agus na treorach ar ghnáthaimh chuntasaíochta agus airgeadais, mar atá leagtha amach sa lámhleabhar Managing Public Money (NI) agus i nGnáthaimh Airgeadais Phoiblí na hÉireann. Tá leagan uasdátaithe den Mheamran Airgeadais á athbhreithniú faoi láthair ag na Ranna Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

### Rialachas & Struchtúr Bainistíochta CCSAE

Ceann is ea CCSAE de shé chomhlacht trasteorann a cuireadh ar bun faoi "Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ag Bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe" a síníodh ar 8ú Márta 1999 (Comhaontú na Breataine-na hÉireann, 8ú Márta 1999).

Mar Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh-Theas tá CCSAE á urrú ag an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn. I rith tréimhse cláraithe an Aontais Eorpaigh 2014-2020, bainistíonn sé Clár an AE don tSíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) agus Clár INTERREG (Tuaisceart Éireann, Éire agus Iarthar Alban).

### Struchtúr Eagraíochtúil

Sa tréimhse a chlúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí CCSAE struchtúrtha ar bhonn na dtrí Stiúrthóireacht, mar atá mionsonraithe thíos:

<u>Údarás Bainistíochta</u>

Freagracht fhoriomlán as bainistíocht agus feidhmiú na gClár Oibríochtúil.
I measc na bhfreagrachtaí eile atá air tá:

- Cinntiú go roghnaítear cláir de réir na gcritéar atá faofa ag an gCoiste Monatóireachta Clár;
- Nósanna imeachta a bhunú agus a mhonatóiriú chun a chinntiú gur fabhraíodh, gur éilíodh agus gur íocadh an caiteachas ar chláir go ceart agus go dleathach;

- Córais a choimeád chun sonraí ar gach gné d'fheidhmiú na gclár a stóráil, bainistíocht airgeadais, iniúchadh, monatóiriú agus measúnú san áireamh;
- Measúnú ceart ar na cláir a chinntiú;
- Obair an Choiste Mhonatóireachta a threorú agus doiciméid a chur ar fáil dó a theastaíonn chun go gcuirfidh sé a chuid feidhmeanna i gcrích;
- Dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais a fhíorú, agus a chinntiú go gcoimeádtar rianta leordhóthanacha iniúchta;
- Tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar fheidhmiú a ullmhú; agus
- Cinntiú go gcomhlíontar riachtanais eolas agus poiblíochta atá bunaithe faoi Rialacháin Eorpacha.

An Chomhrúnaíocht

Maoirsíonn sí feidhmiú na gClár PEACE IV agus INTERREG VA ó lá go lá, agus í ag tacú agus ag cur comhairle ar an Údarás Bainistíochta agus Coistí Stiúrtha na gClár araon. Is é Aonad Tacaíochta na gClár laistigh den Chomhrúnaíocht atá freagrach as measúnú na gclár; as seirbhísí rúnaíochta a chur ar fáil do na Coistí Stiúrtha; as conarthaí a eisiúint d'iarratasóirí a n-éiríonn leo; agus as bainistíocht na dtionscadal.

Seirbhísí Corparáideacha

Ionchorpraíonn sé seo raon ról éagsúil a thacaíonn le feidhmiú na gclár. Tá na foirne seo a leanas de chuid CCSAE go léir san áireamh i Seirbhísí Corparáideacha: Cumarsáidí, TFC, Airgeadas Corparáideach agus AD. Eochair-chuid den Stiúrthóireacht is ea an tÚdarás Deimhníochta atá freagrach as gach éileamh ar chaiteachas a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus as incháilitheacht de réir Rialacha Náisiúnta an AE a chinntiú. Rialaíonn sé chomh maith sreabhadh airgid an chláir, rud ar a n-áirítear íocaíochtaí a dhéanamh le príomhchomhpháirtithe, cistí a íostarraingt ón gCoimisiún Eorpach agus an aisíocaíocht ina dhiaidh sin do gach Ballstát.

Creat Rialachais

Le linn 2018, tháinig Coiste Iniúchóireachta & Ráthaíochta Riosca (CIRR) CCSAE (I mí na Nollag 2018 ghlac an Coiste chuige féin Téarmaí Tagartha uasdátaithe agus d'athraigh an t-ainm a bhí air go dtí Coiste Iniúchóireachta agus Ráthaíochta Riosca) le chéile ceithre huaire agus phléigh siad raon ceisteanna, na córais rialachais inmheánaigh atá ag an CCSAE san áireamh. Chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí maoirseachta de réir na dTéarmaí Tagartha agus tá na scileanna riachtanacha aige (rialachas, tuairisciú airgeadais, bainistíocht rioscaí, iniúchadh, pleanáil straitéiseach, agus tuiscint ar chroífheidhmeanna na heagraíochta san áireamh) chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Ba mar seo a leanas ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta & Ráthaíochta Riosca i rith na bliana:

| Ainm | Márta | Meitheamh | D. Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| Brendan Mullan (Cathaoirleach Neamhspleách). Téarma tagtha chun deiridh Meitheamh 2018 | ✓ | ✓ | | |
| Joe Campbell (Comhalta Neamhspleách). Téarma tagtha chun deiridh Márta 2018 | ✓ | | | |
| Derek Staveley (Comhalta Neamhspleách). | - | ✓ | ✓ | - |
| Gerry Finn (Cathaoirleach Neamhspleách). Thosaigh Iúil 2018 | | ✓ (Mar Chathaoirleach Ainmnithe) | ✓ | ✓ |
| Brona Slevin (Comhalta Neamhspleách). Thosaigh Iúil 2018 | | | ✓ | ✓ |
| Frank Duffy (Ionadaí RA ) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Gearoid O'Keeffe (Ionadaí RCPA ) | ✓ | ✓ | ✓ | - |

I dteannta leis na comhaltaí den CIRR atá liostaithe thuas, d'fhreastail na daoine seo a leanas ar na cruinnithe chomh maith:

- An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha;
- An Cuntasóir Corparáideach;
- onadaí ó Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann;
- Ceannaire an Iniúchta Inmheánaigh;
- Ceannaire an Údaráis Iniúchóireachta.

Tá freagrachtaí an Choiste ar an iomlán leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus áirítear orthu comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na próisis straitéiseacha i gcomhair riosca, rialaithe agus rialachais;
- Na cuntais, na beartais cuntasaíochta agus an Tuarascáil Bhliantúil;
- Gníomhaíocht bheartaithe an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh; agus
- Beartais frith-chalaoise, beartais sceithireachta, agus socruithe d'iniúchtaí speisialta; agus
- Ráthaíochtaí maidir le rialachas agus bainistíocht na gClár AE.

Chun cabhrú le comhlíonadh na bhfreagrachtaí seo, tagann an Coiste le chéile chun a éifeachtúlacht féin a athbhreithniú agus faigheann na comhaltaí go léir miontuairiscí chomh maith ar eochair-chruinnithe den lucht foirne sinsearach.

Ullmhaíonn an Coiste chomh maith Tuarascáil Bhliantúil chun a ngníomhaíochtaí i rith na bliana a achoimriú, agus tá siad tagtha ar an tátal go bhfuil rialú rioscaí agus rialachas ag leibhéal sásúil laistigh den CCSAE.

**Pleanáil Gnó agus Bainistíocht Rioscaí**

Pleanáil Gnó

Laistigh den CCSAE, próiseas atriallach is ea an pleanáil gnó lena mbaineann roinnt céimeanna, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- Comhphlé faoi na tosaíochtaí ábhartha atá leagtha amach i Rialacháin an AE, Cláir Comhoibrithe do PEACE IV agus INTERREG VA, Pleananna Corparáideacha agus Gnó gach Roinne Coimircíochta mar aon leis na freagrachtaí reachtúla eile atá leagtha ar an eagraíocht;

- Athbhreithniú ag Foireann Bainistíochta Sinsearaí ar an bhfeidhmíocht i gcomparáid le spriocanna na bliana roimhe sin agus Eochair-Tháscairí Feidhmíochta, lena sainaithnítear réimsí ina bhféadfaí tabhairt faoi tuilleadh oibre;

- Athbhreithniú ar aiseolas ó chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara;Review of feedback from consultations with stakeholders;

- An chéad dréacht den Phlean Gnó a ullmhú lena plé ag na Ranna Coimircíochta;

- Tuairimí na Ranna Coimircíochta a phlé agus an dréacht dheiridh den Phlean Gnó a chur faoi bhráid chun faomhadh na nAirí a fháil di;

- Cuspóirí agus spriocanna a leagan amach ag leibhéal an duine foirne aonair trí phróiseas an bhreithmheasa foirne.

Bainistíocht Rioscaí

Tá creat na Bainistíochta Rioscaí ceaptha chun rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta, seachas gach riosca go dteipfí ar na haidhmeanna, na cuspóirí agus na beartais a dhíothú ar fad; ní fhéadann sé, mar sin, ach ráthaíocht réasúnta éifeachtachta a thabhairt, ní ráthaíocht dhaingean.

Laistigh den CCSAE, tá an Bhainistíocht Rioscaí ceaptha chun:

- Na rioscaí maidir leis na haidhmeanna, na cuspóirí agus na beartais a bhaint amach a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta;
- An dóchúlacht go dtiocfadh na rioscaí sin chun réadaithe, agus an tionchar a bheadh acu dá dtiocfadh, a mheasúnú;
- Iad a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go tíosach.

Tá creat na Bainistíochta Rioscaí leagtha amach sna doiciméid seo a leanas atá faoi réir ag athbhreithniú rialta:

- Straitéis Bainistíochta Rioscaí;
- Ráiteas Inghlacthachta Rioscaí;
- Clár Riosca Chorparáidigh.

Leithdháiltear rátáil riosca ar gach riosca bunaithe ar mheasúnú ar a thionchar agus ar a dhóchúlacht i ndá chéim:

- Measúnú ar an riosca atá ann cheana sula sainaithnítear rialuithe ar bith
- Measúnú ar an riosca iarmharach ag cur sa chuntas an fhreagairt reatha ar riosca agus ar rialuithe agus an plean aicsin is gá.

Cuirtear an rátáil riosca iarmharaigh i gcomparáid ansin leis an inghlacthacht riosca a bhunaíonn leibhéal inghlactha riosca do ghníomhaíocht gnó ar leith. Má mheastar nach leor na rialuithe chun an riosca a bhainistiú laistigh den inghlacthacht sainaithnítear tuilleadh beart chun na rialuithe seo a threisiú.

Sainaithnítear leis an gClár Riosca Chorparáidigh na heochair-rioscaí a bhaineann go díreach le le gnóthachtáil cuspóirí corparáideacha CCSAE agus tá sé nasctha leis an bPlean Gnó bliantúil. Tagann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, atá déanta suas den Phríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí,

le chéile gach mí chun an Clár Riosca Chorparáidigh a athbhreithniú agus a chun a chinntiú go mbíonn sé ábhartha i gcónaí. Pléann sé chomh maith rioscaí nua atá sainaitheanta trí bhealaí bainistíochta mar aon le hathruithe sa timpeallacht oibríochtúil agus na bearta is gá chun iad a mhaolú agus ina theannta sin an rath a bhí ar na bearta a tógadh chun déileáil le rioscaí atá ann cheana. Athbhreithnítear an Clár Riosca Chorparáidigh go mion ag gach cruinniú coiste den CIRR.

Ag deireadh na bliana, bhí rioscaí sa Chlár Riosca Chorparáidigh a bhain le spriocanna an chreata feidhmíochta Clárm stádas conarthach an bhunachair sonraí, faomhadh don Phlean Gnó, frámaí ama do bhainistíocht Acmhainní, tionchar imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach agus Clú na heagraíochta.

I gcaitheamh 2018, bhí spriocanna creata feidhmíochta a bhain le hairgeadas agus táirgeadh le baint amach ag na cláir INTERREG VA agus PEACE IV. Ós rud é nach raibh sé cinnte go mbainfí amach na spriocanna seo sa bhliain, d'ardaigh an Comhlacht an riosca nach mbainfí na spriocanna creata go léir amach suas go dtí an Clár Riosca Corparáidigh.

Ó Aibreán 2018 amach tá an bunachar cláir (eMS) i bhfeidhm i gcás na gClár PEACE IV agus INTERREG VA araon. Bhain an riosca ag deireadh na bliana le fadú an chaidrimh reatha chonarthaigh d'fhonn ligean don eagraíocht an margadh a thástáil chun conradh tacaíochta, cothabhála agus óstála a fháil don chóras ar feadh na mblianta atá fágtha de na cláir.

Bunaíodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) faoi Chomhaontú Bhéal Feirste/ Aoine an Chéasta (1998), chun comhairliú, comhoibriú agus aicsean a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Tá sí freagrach as an bPlean Corparáideach, as an plean gnó bliantúil agus as an mbuiséad do na comhlachtaí Thuaidh Theas go léir.

Mar gheall ar gan Tionól Thuaisceart Éireann bheith ann ní raibh an NSMC in ann teacht le chéile agus dá bhrí sin níor tugadh faomhadh don phlean corparáideach, ná don phlean gnó bliantúil ná don bhuiséad do 2017 agus 2018. San idirlinn, tá socrú teagmhais curtha ar bun i dTuaisceart Éireann, faoina féidir deontas a íoc i gcónaí go dtí deireadh Nollaig 2018. Déanfar an caiteachas seo a rialú go siarghabhálach nuair a bheidh an Plean faofa ag an NSMC. In Éirinn, tá an deontas faofa cheana féin trí phróiseas na 'meastachán', agus ní gá aon socrú teagmhais. Níl aon riosca suntasach ann mar sin maidir le gnóthas leantach.

Beidh CCSAE ag monatóiriú agus ag cur acmhainní ar fáil do na réimsí riachtanais i gcónaí chun a chinntiú go gcomhlíontar na frámaí ama do sheachadadh na gclár.

Tá an riosca a bhaineann le himeacht na RA as an AE sainaitheanta ar an gclár riosca i gcónaí agus go dtí go mbeidh sonraí sainiúla na himeachta comhaontaithe beidh CCSAE i gcónaí ag monatóiriú an riosca sin.

Riosca a bhí ardaithe gar do dheireadh na bliana ab ea ullmhacht na heagraíochta do na riachtanais nua GDPR. Tá an Comhlacht sásta go bhfuil na próisis agus na gnásanna go léir ar bun ach mar gheall ar chastacht na rialúchán beartaíodh an riosca a choinneáil faoi athbhreithniú go corparáideach thar an gcéad tréimhse eile.

Eagraíocht is ea CCSAE a dhéileálann le gníomhaíochtaí ardphróifíle. Mar thoradh air sin ardaíodh an riosca díobhála don chlú don eagraíocht go dtí an Clár Riosca Corparáidigh chun a stádas ardtosaíochta san eagraíocht i gcoitinne a chinntiú.

Oibríonn FCSDAE trí chóras sainiúla eolais; eMS, a choimeádann na sonraí oibríochtúla do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA; SUN, córas airgeadais CCSAE agus TRiM, an Córas Bainistíochta Doiciméad agus Taifead Leictreonach (EDRMS).Tástáladh gach córas díobh agus is leor na rialuithe atá ar bun maidir le faisnéis.

Baineann CCSAE leas as eolas ó roinnt foinsí sonraí agus córas arna n-oibriú ag an bhforas. Maidir le méadraigh feidhmíochta, tá CCSAE muiníneach de bharr gur córas atá sa phríomhchóras, eMS, a úsáidtear ar fud an AE chun eolas faoi chláir a bhainistiú agus rinneadh athbhreithniú ar láidreacht an chórais seo mar chuid den ainmniú.

Tagann sonraí maidir le hAirgeadas agus AD ó chórais atá faoi réir ag scrúdú rialta ag Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaigh CCSAE. Le heolas a fhaigheann Bainistíocht Shinsearach CCSAE ó na córais seo bíonn siad in ann a ndualgais a chomhlíonadh maidir le cinnteoireacht agus lena n-oibleagáidí cuntasaíochta.

### Riosca Calaoise agus Riosca Faisnéise

<u>Riosca Calaoise</u>

Tá roinnt beartais ar bun ag CCSAE, atá ceaptha chun an riosca calaoise a íoslaghdú. Orthu seo tá:

- Beartas Frith-chalaoise;
- Beartas maidir le Coinbhleachtaí Leasanna;
- Treoir maidir le Tairiscintí agus Glacadh

Bronntanas agus Fáilteachais;

- Beartas maidir le Sceithireacht agus treoir ghaolmhar (Cúis Imní a Ardú);
- Cód Iompraíochta don Lucht Foirne.

Tá nósanna imeachta gaolmhara curtha ar bun chun cabhrú le calaois a chosc agus le bainistíocht calaoisí iarbhír nó féideartha, ar  a n-áirítear:

- Nósanna Imeachta i gcomhair Éileamh ar Aisíocaíocht as Taisteal agus Cothabháil;
- Plean freagartha ar chalaois (á athbhreithniú).

Tá CCSAE tiomanta don chalaois a chosc agus do chultúr frith-chalaoise a chur chun cinn. Oibríonn an eagraíocht meon neamhfhulaingthe i leith na calaoise agus ceanglaíonn sí ar an lucht foirne, ar Phríomhchomhpháirtithe agus ar na tairbhithe faoi dheoidh gníomhú go macánta agus go hionraic  i gcónaí agus amhras réasúnta ar bith faoin gcalaois a thuairisciú.  Déanfaidh CCSAE gach eachtra calaoise, iarbhír, agus amhrasta agus aon iarracht uirthi a iniúchadh agus déanfaidh sé iarracht cistí agus sócmhainní a aisghabháil a cailleadh de bharr calaoise. Tá CCSAE ag cur béime soiléire ar chosc na calaoise agus tá sé tar éis tosú ar shraith gníomhaíochtaí chun cultúr frith-chalaoise a chur chun cinn sna Cláir.  Tá Feasacht ar an gCalaois ina cuid de Chlár Oiliúna CCSAE a cuireadh ar fáil do thairbhithe Clár agus do lucht foirne CCSAE in

2018. Bainfidh CCSAE úsáid chomh maith as an uirlis mianadóireachta sonraí ARACHNE mar chuid dá svuít de bhearta frith-chalaoise.

Áit is cuí, mar fhreagairt ar fhadhbanna tromchúiseacha, tarraingeoidh CCSAE siar tairiscintí cistithe agus eiseoidh é orduithe aisghabhála do Phríomhchomhpháirtithe, ag tabhairt faisnéise dó na húdaráis ábhartha de réir mar is gá.  Níor tharla aon chalaois iarbhír ná amhrasta in 2018.

<u>Riosca Faisnéise</u>

Aithním an fhreagracht atá orm as láimhseáil chruinn, daingean gach faisnéise, agus ceapadh agus próiseasú cruinn faisnéise,go háirithe áit a d'fhéadfadh tríú páirtithe leas a bhaint as seo nó áit a  d'fhéadfadh codanna eile den rialtas brath uirthi.    Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh go héifeachtach, tá na bearta seo a leanas déanta:

- Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ceaptha mar Oifigeach Sinsearach Riosca Faisnéise (SIRO) CCSAE. Tá ráthaíocht faighte ag an SIRO ó bhainisteoirí,

agus tá ceisteanna faisnéise curtha acu siúd lena gcláir riosca, a dtugtar tuairisc fúthu gach mí. Filleann freagrachtaí an SIRO ar an POF i rith tréimhse ar bith ina bhfuil post an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha folamh.

- Tá Oifigeach Faisnéise i bpost chun cabhrú le feidhmiú leantach Beartas Faisnéise CCSAE agus tá iniúchadh faisnéise curtha i gcrích, ina ndearna an fhoireann go léir measúnú ar réimsí comhchoitianta dea-chleachtais agus rioscaí agus ar na feabhsúcháin a theastaíonn.

Ní raibh aon teagmhais caillteanais sonraí ann arbh éigin iad a fhógairt don Choimisinéir Sonraí.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm ar 25 Bealtaine 2018. Thug CCSAE faoi an-obair réamhullmhúcháin idir Meán Fómhair 2017 agus Bealtaine 2018 chun bheith comhlíontach leis an dáta feidhmithe do GDPR, 25 Bealtaine 2018. Tugadh faoi obair eile ina dhiaidh sin maidir le feidhmiú de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR (AE) 2016/679) chun comhlíontacht leantach a chinntiú. Rinneadh na bearta seo a leanas in 2018 chun comhlíontacht a chinntiú.

- Ceapadh ball den bhfoireann chun feidhmiú GDPR thar CCSAE a chur ar aghaidh. Forbraíodh Plean Aicsin mionsonraithe chun a chinntiú go mbeadh an eagraíocht comhlíontach faoi 25 Bealtaine 2018..
- Cuireadh foireann Tionscadail ar bun chun feidhmiú GDPR a chur ar aghaidh.
- Tugadh faoi Iniúchadh Eolais thar gach rannóg den Chomhlacht chun sonraí pearsanta a bhí arna sealbhú ag an gComhlacht a shainaithint. Forbraíodh Plean Tionscadail chun slándáil sonraí leictreonacha agus sonraí cóipe crua láimhe araon a athbhreithniú agus chun aon sonraí pearsanta nach rabhthas chun iad a choimeád feasta a scrios.
- Bhí an tIniúchadh Eolais ar Shonraí Pearsanta ina bhonn chomh maith d'ullmhú Sceidil Choimeádta do choimeád Sonraí Pearsanta.
- Líon seisiún oiliúna ½ lae ar Chosaint Sonraí agus GDPR i gcomhair na foirne ar fad roimh 25 Bealtaine 2018. Tá an oiliúint seo faighte ag an bhfoireann ar fad.
- Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe agus oiliúint tugtha don duine sin sa GDPR.
- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh na Beartais / Prótacail seo a leanas chun comhlíontacht le GDPR agus na hAchtanna Cosanta Sonraí 2018 a chinntiú:

  -Beartas Cosanta Sonraí
  -Gnás maidir le hIarratas Duine ar a Shonraí
  -Prótacail maidir le Bainistiú Sáraithe Sonraí.

- Dréachtaíodh Fógraí Príobháideachta atá comhlíontach le GDPR agus an Acht Cosanta Sonraí 2018 i leith na réimsí seo a leanas:

  -Earcú
  -Sonraí maidir le Fostaithe
  -Bainistiú & Seachadadh Clár
  -Cumarsáidí
  -Scéim Pinsin Thuaidh Theas.

Cuireadh na Fógraí Príobháideachta seo in iúl don bhfoireann tríd an r-phost agus postáladh iad chomh maith ar shuíomh idirlín CCSAE, ar shuíomh idirlín R-Earcú CCSAE agus ar Bhunachar Sonraí eMS.

### Rialachas agus Cuntasacht

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun bainistiú réasúnta a dhéanamh ar rioscaí, agus níl sé de chuspóir leis an gcóras sin díothú iomlán a dhéanamh ar an mbaol go dteipfidh orainn ár mbeartais, ár n-aidhmeanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnach éifeachtachta a thabhairt faoin gcóras, agus ní dearbhú iomlán. Faigheann an tOifigeach Cuntasachta agus an CIRR ráthaíochtaí ó sholáthraithe neamhspleácha de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá dírithe ar rioscaí i leith feidhmiú beartas agus baint amach aidhmeanna agus cuspóirí CCSAE a aithint agus iad a chur in ord tosaíochta. Measann CCSAE an dóchúlacht go dtarlóidh na rudaí atá luaite sna rioscaí sin mar aon lena dtionchar dá dtarlóidís, agus cinneann sé na bearta is gá chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tíosach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in CCSAE le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí dáta

ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, agus cuireadh i bhfeidhm é de réir threoir na Roinne Airgeadais.

Feidhmíonn CCSAE laistigh de théarmaí a Mheamraim Airgeadais (2006). Tá aonaid rialachais sna riaracháin sa dá dhlínse ag obair i gcónaí chun Meamram Airgeadais uasdátaithe do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas go léir a sholáthar.

Bíonn an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach déanta suas de ghnáth den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Seirbhísí, Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta agus Stiúrthóir na Comhrúnaíochta.

Ar na heilimintí eile den struchtúr corparáideach rialachais tá:

- Struchtúr Eagraíochtúil comhaontaithe le cuntais mhionsonraithe poist do bhaill foirne ag gach leibhéal, agus próisis ghaolmhara, ar a n-áirítear scéim bhreithmheasa foirne, chun a chinntiú gur léir do na baill foirne go léir céard iad a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach.
- Plean Corparáideach don tréimhse 2017-2019;
- Plean Gnó bliantúil, ina leagtar amach, i measc nithe eile, fís, misean, aidhmeanna agus cuspóirí corparáideacha CCASAE mar aon leis na príomhghníomhaíochtaí agus spriocanna;
- Raon de bheartais, straitéisí agus nósanna imeachta atá ina dtreoir le hobair na heagraíochta a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta;
- Creat Bainistíochta Riosca, a bhfuil straitéis bhainistíochta riosca ionchorpraithe ann, arna cheadú ag an Oifigeach Cuntasaíochta agus ag an CIRR. Sainíonn an Straitéis an próiseas bainistíochta riosca laistigh de CCASAE
- Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaigh, a thugann ráthaíocht don Oifigeach Cuntasaíochta agus don CIRR maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na socruithe rialachais; agus
- Ráitis Ráthaíochta, arna gcomhlánú gach ráithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta, a bhíonn bunaithe ar ráitis chomhchosúla maoirseachta ó na Stiúrthóirí, a mbíonn ráthaíochtaí faighte acu siúd ó na bainisteoirí a oibríonn in éineacht leo. Déanann an Ciste Iniúchóireachta agus Ráthaíochta Riosca iniúchadh ar Ráitis an Oifigigh Chuntasaíochta.

Clár Leasanna

Ní dhearna aon Chomhalta den CIRR, aon bhall den phríomhfhoireann bhainistíochta ná páirtithe gaolmhara ar bith eile aon idirbhearta ábhartha le CCASAE i gcaitheamh na bliana. Clár de Leasanna Comhaltaí agus Clár de Leasanna an Phríomhoifigigh agus na Stiúrthóirí agus is féidir é a scrúdú ach iarratas a chur isteach chuig an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha. Déan tagairt le do thoil do Nóta 18, Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara sna Cuntais.

### Foinsí Ráthaíochta Neamhspleáiche

Iniúchadh Inmheánach

Tá Comhaontú Leibhéil Seirbhíse ag CCASAE le hIniúchóir Inmheánach na Ranna Airgeadais (RA), a fheidhmíonn de réir caighdeán arna sainiú i gCaighdeáin na hEarnála Poiblí maidir le hIniúchtaí Inmheánacha. Faightear tuairiscí rialta, ar a n-áirítear tuairim neamhspleách an Cheannasaí ar an Iniúchadh Inmheánach ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh CCASAE, mar aon le moltaí ar mhaithe le feabhsú. Bronnadh toradh leibhéal ráthaíochta Sásúil i gcás na n-iniúchtaí neamhspleácha go léir in 2018. Ar na réimsí a chlúdaigh na hiniúchtaí inmheánacha bhí:

| **Córas** | **Rátáil** |
|---|---|
| IA 13/18 Údarás Deimhniúcháin – Nósanna Imeachta chun cuntais na gclár a ullmhú | Sásúil |
| IA 18/18 - Caighdeán an Roghnaithe Tionscadail agus Riaracháin; Fíoruithe ar an Toirt | Sásúil |
| Feidhmiú agus Slándáil na gCóras TF | Sásúil |
| IA 24/18 - Alt 125(3) – Eolas agus cumarsáid leordhóthanach, éifeachtach le tairbhithe | Sásúil |
| Seirbhísí Corparáideacha – Earcú | Sásúil |
| Tuarascáil Leantach Deiridh CCSAE - Bearta Frith-chalaoise CCSAE | Críochnaithe |
| IA 32-18 – Tuarascáil Leantach – Feidhmeanna Tarmligthe na Comhrúnaíochta thar ceann MA | Sásúil |

Mar aon leis na hiniúchtaí sin rinne an tIniúchadh Inmheánach roinnt athbhreithnithe gaolmhara. In 2018 these included quarterly payroll reviews (for TA claim verification). Níor thángthas ar aon fhadhbanna le linn na n-athbhreithnithe seo.

I leith 2018, dúirt an Ceannasaí ar an Iniúchadh Inmheánach ina Thuarascáil Bhliantúil *'Táim deimhin de i gcónaí, dá bhrí sin, go bhfuil córas leordhóthanach, éifeachtach curtha ar bun agus tugtha chun aibíochta ag CCSAE chun rioscaí a bhainistiú agus chun rialú agus rialáil a chur i bhfeidhm, agus is féidir liom a dhearbhú go bhfuil tuairim shásúil iniúchóireachta iomchuí.'*

<u>Údarás Iniúchóireachta</u>

Faoi alt 59 den Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh 1083/2006, tá Údarás Iniúchóireachta ainmnithe ag na Ballstáit chun freagracht a ghlacadh as feidhmíocht éifeachtach na gcóras rialaithe bainistíochta a fhíorú do PEACE IV agus INTERREG VA. Tá foireann laistigh de RA i dTuaisceart Éireann ainmnithe chun an ról seo a chomhlíonadh, í cuntasach go díreach chuig an gCoimisiún Eorpach.

Tá freagracht shainiúil eile ar an Údarás Iniúchóireachta as:

- Oibríochtaí a iniúchadh ar bhonn sampla iomchuí chun an caiteachas atá arna fhógairt a fhíorú;
- Plean iniúchta a chur i láthair an Choimisiúin; agus
- Tuarascálacha Bliantúla Rialaithe agus Tuairimí Iniúchóireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Chuir an tÚdarás Iniúchóireachta iniúchadh i gcrích thar an dá chlár araon le linn na bliana. Agus torthaí na n-iniúchtaí faighte bhí an tÚdarás Iniúchóireachta in ann tuairim neamhcháilithe a thabhairt don bhliain 2017/2018 (Iúil 17 – Meitheamh 18).

<u>Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste Éire</u>

Níor sainaithníodh aon fhadhbanna suntasacha rialtachta ná laigí inmheánacha sna cuntais don bhliain sin ná sa Tuarascáil chucu siúd ar a bhfuil Dualgais Rialaithe.

### Reifreann na RA ar bhallraíocht san AE

Mar gheall ar thoradh an Reifrinn chun imeacht as an AE tá neamhchinnteacht ann i gcónaí maidir leis an mbealach a fheidhmeoidh na Cláir PEACE agus INTERREG amach anseo.

Tá tacaíocht agus tiomantais fhorleathana faighte ag na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA ó na páirtithe go léir atá gafa leo, chun a chinntiú go mbeifear in ann leanúint leo go dtí go gcuirfear i gcrích iad, agus tá toilithe leis an tiomantas seo agus tá sé san áireamh sa Chomhaontú Aistarraingthe idir an RA agus an AE.

Mar chuid de phleanáil theagmhasach an AE chun ullmhú d'aistarraingt na RA, i mí na Nollag 2018 d'fhorbair an Coimisiún togra Rialála AE ar thug Comhairle na nAirí agus Parlaimint na hEorpa faomhadh dó i Márta 2019

Tá sé mar aidhm ag an togra seo, sa chás nach ndaingeofar an Comhaontú Aistarraingthe, go leanfar le dhá chlár dhéthaobhacha comhoibrithe a bhaineann le hÉirinn, is iad sin an clár PEACE IV (Éire-Ríocht Aontaithe) agus an clár Ríocht Aontaithe-Éire (Éire-Tuaisceart Éireann-Alba), gan mhodhnú ar bith ar na suimeanna a bheidh leithdháilte orthu ná ar an gcaoi a maoineofar iad.

Dá bhrí sin, is éard a thuigeann CCSAE go bhfuil an maoiniú do na tionscadail go léir faoi na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA ráthaithe faoin tréimhse reatha cláreagraithe, is cuma faoin gComhaontú Aistarraingthe idir an RA agus an AE.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí a leithdháiltear ar CCASAE de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom.  Táim freagrach as éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Bíonn m'athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus ar obair na mbainisteoirí in CCASAE a bhfuil forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh faoina gcúram. Tá na ráitis a rinne na hiniúchóirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil rialú agus tuairiscí eile mar fhreagracht orthu ina gcuid shuntasach den athbhreithniú chomh maith. Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí comhairle orm maidir leis na himpleachtaí atá ag torthaí an athbhreithnithe a rinne mé agus táim ag cinntiú go bhfuil feabhsú leanúnach á dhéanamh ar an gcóras.

### Bainistíocht Airgeadais

Is é tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha  airgeadais. Soláthraítear leis na córais rialuithe inmheánacha airgeadais ráthaíocht réasúnta, gan a bheith daingean, go gcoinnítear sócmhainní sábháilte, go n-údaraítear idirbhearta agus taifeadta i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear go tráthúil iad.

Tá rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta, rialacháin airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin, ar a n-áirítear deighilt na ndualgas, maoirsiú bainistíochta agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Tá Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais bunaithe ag CCASAE a thugann aghaidh ar réimsí riosca agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtúil.

Faisnéisítear an lucht foirne go léir maidir leis na beartais seo le linn a n-ionduchtaithe agus ag cruinnithe rialta foirne. Tugtar aghaidh ar riachtanais ar bith a shainaithnítear trí phlean bliantúil oiliúna agus forbartha CCASAE.

### Dibhéirsithe Inmheánacha Rialachais

<u>Fadhbanna na Bliana Roimhe</u>

Níor tuairiscíodh aon dibhéirsithe rialachais sa bhliain airgeadais 2017.

<u>Fadhbanna na Bliana Reatha</u>

Níor tuairiscíodh aon dibhéirsithe rialachais sa bhliain airgeadais 2018.

### Conclúid

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim deimhin de go bhfuil córas cuí rialachais inmheánaigh ar bun laistigh den CCASAE.



**Gina McIntyre**
**Oifigeach Cuntasaíochta**
**27 Meitheamh 2019**

# Tuarascáil maidir le Luach Saothair

### Beartas maidir le Luach Saothair

### Ceapadh

Is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (an Chomhairle) a cheapann an POF. Maidir le cúrsaí oibríochta tuairiscíonn an POF don Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn ina gcáilíocht mar Ranna Coimircíochta thar ceann na Comhairle.

Déantar na Stiúrthóirí a cheapadh de réir bheartas earcaíochta Chomhlacht na gClár Speisialta AE. Ceanglaítear leis an mbeartas go ndéanfaí ceapacháin ar bhonn tuillteanais trí chomórtas earcaíochta cóir, oscailte.

### Luach Saothair

Is iondúil go gcuirtear an POF/na Stiúrthóirí ar íosphointe an scála tuarastail ar a gceapadh i dtosach. Ina dhiaidh sin, bíonn forchéimniú bliantúil incriminteach ann suas an scála go dtí go mbaintear uasphointe an scála amach.

Úsáidtear dáta incriminteach i Lúnasa do gach post POF/ Stiúrthóra de réir dháta na híocaíochta bliantúla pá.

### Pacáiste Iomlán Luacha Saothair

Bíonn poist POF/ Stiúrthóra bunaithe ar íosmhéid de 37 uaire oibre in aghaidh na seachtaine. Tá siad i dteideal 25 lá saoire in aghaidh na bliana ag méadú go dtí 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse, mar aon le dhá lá saoire dhéag eile reachtúil agus poiblí.

Bíonn rochtain ag an POF/na Stiúrthóirí ar an Scéim Phinsin Thuaidh/Theas (alpha). Soláthraíonn an scéim alpha sochar sainithe a oibrítear amach ar bhonn Meántuillimh Gairmréime.

### Teidlíochtaí Tuarastail agus Pinsin

Cuirtear ar fáil sna hailt seo a leanas mionsonraí ar luach saothair agus leasanna pinsin an lucht bainistíochta is sinsearaí sa Chomhlacht.

## Luach Saothair (tuarastal san áireamh) agus teidlíochtaí pinsin na Foirne Bainistíochta Sinsearaí

| Oifigigh | 2018 Tuarastal £ | 2018 Íocaíochtaí Bónais £ | 2018 Sochair comhchineáil £ | 2018 Sochair Pinsin** £ | 2018 **Iomlán £** | 2017 Tuarastal £ | 2017 Íocaíochtaí Bónais £ | 2017 Sochair comhchineáil £ | 2017 Sochair Pinsin** £ | 2017 **Iomlán £** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ms Gina McIntyre Príomhoif. Feidhmiúcháin | 71,107 | - | - | 40,000 | **111,107** | 69,841 | - | - | 35,000 | **104,841** |
| Mr Paul Sheridan Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha | 52,391 | - | - | 24,000 | **76,391** | 50,111 | - | - | 23,000 | **73,111** |
| Mr Mark Feeney Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta | 50,576 | - | - | 24,000 | **74,576** | 3,498 (50,041 coibhéis bliana iomláine) | - | - | 1,600 | **5,098** |
| Ms Leanne Massey Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (ó 06/08/2018) | 20,847 (51,700 full coibhéis bliana iomláine) | - | - | 10,000 | **30,847** | - | - | - | - | **-** |
| Mr Shaun Henry Iarstiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta (go dtí 26/07/17) | - | - | - | - | **-** | 33,021 (56,252 coibhéis bliana iomláine) | - | - | 20,000 | 53,021 |
| MrJohn Greer Iarstiúrthóir na Comhrúnaíochta (go dtí 13/03/2018) | 10,730 (47,749 coibhéis bliana iomláine) | - | - | 2,000 | **12,730** | 47,318 | - | - | 21,000 | **68,318** |
| Tuarastal na mBall Foirne is Airde Pá | 71,107 | | | | | 69,841 | | | | |
| Tuilleamh Airmheánach Iomlán | 31,760 | | | | | 31,446 | | | | |
| Cóimheas | 2.23 | | | | | 2.22 | | | | |

* Ríomhtar luach na sochar pinsin a fabhraíodh le linn na bliana mar (an méadú iarbhír ar an bpinsean iolraithe faoi 20) móide (an méadú iarbhír ar aon chnapshuim) lúide (na ranníocaíochtaí a rinne an duine aonair). Níl san áireamh sa mhéadú iarbhír aon mhéadú de bharr boilscithe ná aon mhéadú nó laghdú de bharr cearta pinsin a aistriú.

### Tuarastal
Áirítear ar an tuarastal oll-tuarastal agus tá sé faoi réir ag cáin RA/Éireannach.

### Sochair Chomhchineáil
Clúdaíonn luach airgeadaíoch sochar comhchineáil aon sochair arna soláthar ag an bhfostóir a mheasann Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona agus Cáin agus Custaim na hÉireann gur luach saothair inchánach é.

### Bónais
Ní fheidhmíonn CCSAE beartas bónais. Níor íocadh aon bhónais in 2017 ná in 2018.

## *Tuarascáil maidir le Luach Saothair (ar lean)*

### Teidlíochtaí Pinsin

| | Pinsean fabhraithe ag aois pinsin (amhail ar an 31/12/18) | Cnapshuim fabhraithe ag Aois Pinsin (amh.ar an 31/12/18) | Méadú Iarbhír ar an bpinsean ag aois pinsin | Méadú Iarbhír ar an gcnapshuim ag aois pinsin | CETV ag 31/12/2018 | CETV ag 31/12/2017 | Méadú Iarbhír ar an CETV |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ | £ | £ | £ | £ |
| Ms Gina McIntyre Príomhoif. Feidhmiúcháin | 20,000 | 42,000 | 2,000 | - | 355,000 | 309,000 | 46,000 |
| Mr Paul Sheridan Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha | 2,500 | - | 1,200 | - | 27,000 | 13,000 | 14,000 |
| Mr Mark Feeney Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíocht | 1,200 | - | 1,200 | - | 12,000 | 600 | 11,400 |
| Ms Leanne Massey Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (ó 06/08/2018) | 500 | - | 500 | - | 5,000 | - | 5000 |
| Mr John Greer Iarstiúrthóir na Comhrúnaíochta (go dtí 13/03/2018) | 2,100 | - | 100 | - | 22,000 | 18,000 | 4,000 |

* ní áirítear feasta ar an scéim phinsin athbhreithnithe (meántuilleamh gairmréime) cnapshuim uathoibríoch pinsin. Tá cnapshuim ann i gcónaí i leith seirbhíse faoin tseanscéim.

### Socraíochtaí Pinsin

Oibríonn CCSAE scéim pinsin le sochar sainithe a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, ar a n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin Scéim Pinsin i Nóta 12.

### Luachanna Aistrithe Choibhéis Airgid

Is é an Luach Aistrithe Choibhéis Airgid (CETV) an luach caipitlithe arna mheas go hachtúireach de shochair na scéime pinsin atá fabhraithe ag ball den scéim ag pointe ama ar leith. Is ionann na sochair luacháilte agus sochair fhabhraithe an bhaill móide aon phinsean teagmhasach dá chéile atá iníoctha as an scéim. Is éard atá i gceist le CETV ná íocaíocht a dhéanann scéim nó socraíocht pinsin i leith sochair phinsin a

bhaint amach i scéim nó i socraíocht pinsin eile tráth a ndéanann ball cinneadh scéim a fhágáil agus na sochair a d'fhabhraigh sé nó sí sa scéim sin a aistriú chuig scéim nua. Léiríonn na figiúirí a thugtar anseo na sochair atá fabhraithe ag an duine aonair de thoradh a bhallraíocht iomlán sa scéim pinsin, ní hamháin na sochair a d'fhabhraigh sé sa cháil shinsearach ar bhain an riachtanas nochtaidh léi. Cuimsíonn na figiúirí CETV luach aon sochair pinsin i scéim nó socraíocht eile a d'aistrigh an duine chuig socraíochtaí pinsin chuig na socraíochtaí pinsin Thuaidh Theas. Cuimsíonn siad chomh maith aon sochar pinsin breise a d'fhabhraigh an ball tar éis dó nó di blianta breise seirbhíse pinsin a cheannach sa scéim ar a chostas nó a costas féin.

Déantar CETVanna a áireamh de réir na Rialachán do Scéimeanna Pinsin Ghairme (Luachanna Aistrithe) (Leasú) 2008 agus ní chuirtear san áireamh leo aon sochar iarbhír nó ionchasach a d'fhéadfadh bheith iníoctha nuair a théann an duine ar an bpinsean de thoradh Cháin Liúntais Saoil.

### Méadú Iarbhír ar CETV

Léiríonn sé seo an méadú ar CETV a íocann an fostóir le fírinne. Ní chuirtear san áireamh leis an méadú a thagann ar an bpinsean fabhraithe de bharr boilsciú, ranníocaíochtaí a dhéanann an fostaí (lena n-áirítear luach aon sochair a aistríodh ó scéim nó ó socraíocht pinsin eile) agus úsáidtear tosca luachála an Chómhargaidh i ndáil le tús na tréimhse agus le deireadh na tréimhse chun é a áireamh.

### Cúiteamh as poist a chailleadh

Níor íocadh suimeanna ar bith i gcaitheamh na bliana i leith cúitimh as post a chailleadh..

### Luach Saothair an Choiste Iniúchóireachta agus Ráthaíochta Riosca

| | **2018 £** | **2017 £** |
|---|---|---|
| Gerry Finn (Cathaoirleach ó Mheitheamh 2018) | 4,078 | 0 |
| Brendan Mullan (Iarchathaoirleach go Meitheamh 2018) | 4,874 | 3,679 |
| Brona Slevin (Comhalta Neamhspleách ó Mheitheamh 2018) | 789 | 0 |
| Joe Campbell (Iarchomhalta Neamhspleách go Márta 2018) | 639 | 1,906 |
| Derek Staveley (Comhalta Neamhspleách) | 1,300 | 0 |



Áirítear ar na suimeanna Luacha Saothair thuas chomh maith míleáiste a íocadh le comhaltaí den Choiste

### Bandaí Tuarastail do na Fostaithe Uile

An líon fostaithe a raibh a luach saothair don dá mhí dhéag dar chríoch 31 Nollaig 2018 laistigh de na bandaí seo a leanas:

| Bandaí Tuarastail (£) | **2018 (líon Foirne sa Phost)** | **2017 líon Foirne sa Phost)** |
|---|---|---|
| Níos lú ná 40,000 | 51 | 50 |
| 40,000 - 49,999 | 6 | 8 |
| 50,000 - 59,999 | 4 | 3 |
| 60,000 - 69,999 | 0 | 1 |
| 70,000 - 79,999 | 1 | 0 |
| **Lomlán** | **62** | **62** |

# Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chuig Tionól Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachtais

Tuairim faoi na cuntais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais Chomhlacht na gClár Speisialta AE (an Comhlacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena gceanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú ar bhonn comhoibríoch. Cuimsítear leis na cuntais:

- an ráiteas ioncaim; an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach;
- an ráiteas maidir le staid airgeadais;
- an ráiteas maidir le hathruithe sa chothromas;
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid
- agus nótaí ghaolmhara, beartais shuntasacha cuntasaíochta san áireamh.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.
Is é ár dtuairim:

- go dtugann na cuntais tuiscint fhíor, chothrom ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail ar 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch ansin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus de réir na treorach cuntas san aguisín leis na cuntais.

### Tuairim ar rialtacht

Is é ár dtuairim é gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead orthu sna cuntais i bhfeidhm maidir le gach gné ábhartha de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais a bhfuil taifead déanta orthu sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Bunús na dtuairimí

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAs). Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin san alt maidir le freagrachtaí na nIniúchóirí sa teastas seo. Níl baint ná páirt againn leis an gComhlacht de réir riachtanas eiticiúil de Chaighdeán Athbhreithnithe Eitice 2016 na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais agus de réir an Chóid Eitice arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta agus tá comhlíonta againn na freagrachtaí eile atá orainn ó thaobh eitice de réir na gcaighdeán.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar le bonn a chur faoinár dtuairim.

### Faisnéis seachas na cuntais

Tá curtha ar fáil ag an gComhlacht faisnéis áirithe eile i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá i gceist leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an Réamhrá leis na cuntais san áireamh, an Ráiteas Rialachais /Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Tuarascáil Íocaíochta. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na cuntais an fhaisnéis eile agus ní nochtaimid aon chineál tátail ráthaíochta maidir léi. I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, á dhéanamh sin dúinn, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas san iniúchadh, nó an cosúil gur míshonraíodh go hábhartha ar shlí eile í. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Cúrsaí a ndéanaimid tuairisc orthu ar bhonn eisceachtaí

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas, ar nithe iad a ndéanaimid tuairisciú orthu más amhlaidh, inár dtuairimse:

- nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na cuntais a iniúchadh go réidh agus go cuí; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó
- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach/ Rialachas ag teacht leis an treoir is infheidhme ar rialachas corparáideach.

### Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Oifigigh Cuntasaíochta as na cuntais

Mar atá mínithe ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na cuntais seo. Ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta, is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as cuibheas agus rialtacht a áirithiú maidir le húsáid cistí poiblí.

### Freagrachtaí na nIniúchóirí

Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tuairisciú a dhéanamh fúthu do Thionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais.
Is iad na cuspóirí atá againn ná ráthaíocht réasúnta a fháil cibé an bhfuil na cuntais ar an iomlán gan aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó

chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na gcuntas seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh againn,

- Déanaimid an priacal go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; leagaimid síos agus cuirimid i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a oireann don phriacal sin; agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim. Is mó an priacal nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná míráiteas de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a leagan síos atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha..

- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

- Cinnimid faoina oiriúnaí is atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuair mé, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, más neamhleor an nochtadh sin, ár dtuairim a athrú. Bíonn na conclúidí uainn bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuaireamar go dtí dáta na tuairisce uainn. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, áfach, go mbeadh teagmhais nó dálaí ann amach anseo a chuirfeadh faoi deara nach leanfadh an Comhlacht ar aghaidh ina ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an bhfuil curtha i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Déanaimid teagmháil leis na daoine a bhfuil cúrsaí rialachais faoina gcúram maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe an iniúchta, an uair atá sé beartaithe é a dhéanamh, agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithnímid agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil gur leor í chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt gur cuireadh i bhfeidhm an caiteachas agus an t-ioncam arna dtaifeadadh sna cuntais airgeadais chun na gcríocha a bheartaigh an Tionól agus an tOireachtas agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais arna dtaifeadadh sna cuntais de réir na n-údarás a rialaíonn iad.



**Seamus McCarthy**
*Ardreachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann*
*3A Sráid an Mhéara Uachtarach*
*Baile Átha Cliath 1*
*Éire*

*28 Meitheamh 2019*



**Kieran Donnelly**
*Ardreachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann*
*Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann*
*106 Sráid na hOllscoile*
*Béal Feirste*
*BT7 1EU*

*2 Iúil 2019*

# RÁITEAS IONCAIM
## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018

| IONCAM | Nótaí | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| Deontas ó Ranna Coim. (Riarachán) | 2 | **2,104** | 2,044 | **1,862** | 1,791 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | 4 | **0** | 1 | **0** | 1 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | 3 | **137** | 135 | **121** | 118 |
| Glanchistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean | 12(b) | **1,166** | 1,467 | **1,032** | 1,286 |
| ***AN LÁRIONAD ÍOCAÍOCHTAÍ*** | | | | | |
| Deontas Faighte ó Ranna Cuntasacha (Cláir) | 3 | **8,718** | 2,240 | **7,715** | 1,963 |
| ***AN COIMISIÚN EORPACH*** | | | | | |
| Éilimh is Infhaighte ó AE | 3 | **49,405** | 12,703 | **43,721** | 11,133 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **61,530** | 18,590 | **54,451** | 16,292 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Dímheas | 8 | **(137)** | (135) | **(121)** | (118) |
| Costais Foirne | 5 | **(2,657)** | (2,900) | **(2,352)** | (2,541) |
| Costais Oibriúcháin Eile | 7 | **(613)** | (611) | **(542)** | (536) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | 3 | **0** | (1) | **0** | (1) |
| *AN LÁRIONAD ÍOCAÍOCHTAÍ* | | | | | |
| Íocaíochtaí a Rinneadh le Tionscadail | 3 | **(58,123)** | (14,943) | **(51,436)** | (13,096) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **(61,530)** | (18,590) | **(54,451)** | (16,292) |
| **Barrachas don bhliain aistrithe chuig an gCúlchiste Ginearálta** | | **-** | - | **-** | - |

Baineann na méideanna uile thuas le gníomhaíochtaí leanúnacha.



Tá na nótaí ar leathanaigh 59 go 81 agus an t-aguisín ar leathanach 82 ina gcuid de na cuntais seo.

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| **Barrachas don bhliain** | | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachain ó thaithí maidir le dliteanais na scéime pinsin agus éifeacht an ráta malairte san áireamh | 12(a) | **167** | 1,088 | **147** | 954 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana a bhaineann le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | 12(a) | **913** | 380 | **809** | 333 |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha** | 12(a) | **1,080** | 1,468 | **956** | 1,287 |
| **Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin** | | **(1,080)** | (1,468) | **(956)** | (1,287) |
| | | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachain/(caillteanais) de bharr malairte | | **-** | - | **-** | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain** | | **-** | - | **-** | - |

Tá na nótaí ar leathanaigh 59 go 81 agus an t-aguisín ar leathanach 82 ina gcuid de na cuntais seo.

# RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
## amhail ar an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | **133** | 218 | **120** | 194 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | **98** | 110 | **87** | 97 |
| **Iomlán na Sócmhainní Seasta** | | **231** | 328 | **207** | 291 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 9(a) | **37,904** | 34,794 | **33,993** | 30,873 |
| Airgead sa bhanc & coibhéisí airgid | 10 | **39,192** | 44,896 | **35,150** | 39,837 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **77,096** | 79,690 | **69,143** | 70,710 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 11(a) | **(77,090)** | (79,718) | **(69,138)** | (70,735) |
| **Glandliteanais/glansócmhainní reatha** | | **6** | (28) | **5** | (25) |
| Féichiúnaithe – méideanna atá dlite tar éis breis is bliain | 9(b) | **2,395** | 156 | **2,148** | 139 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha, roimh Dhliteanais Fhadtéarmacha** | | **2,632** | 456 | **2,360** | 405 |
| Creidiúnaithe – méideanna atá dlite tar éis breis is bliain | 11(b) | **(2,395)** | (127) | **(2,148)** | (113) |
| **Sochair Phinsin** | | | | | |
| Cistiú iarchurtha faoi choinne pinsean | 12(a) | **13,698** | 13,760 | **12,285** | 12,209 |
| Dliteanais i dtaobh pinsean | 12(a) | **(13,698)** | (13,760) | **(12,285)** | (12,209) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **237** | 329 | **212** | 292 |
| **Arna maoiniú ag:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Cuntais Ioncaim | | **-** | - | **-** | - |
| Cúlchiste Deontais Caipitil | | **237** | 329 | **212** | 292 |
| | | **237** | 329 | **212** | 292 |

Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faomhadh do na cuntais ar 27 Meitheamh 2019

**Gina McIntyre**
**Príomhoifigeach Cuntasaíochta**

Tá na nótaí ar leathanaigh 59 go 81 agus an t-aguisín ar leathanach 82 ina gcuid de na cuntais seo.

# RÁITEAS AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS
## amhail ar an 31 Nollaig 2018

**Cúlchiste Cuntais Ioncaim**

| | **2018 €'000** | **2017 €'000** | **2018 £'000** | **2017 £'000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | **-** | - | **-** | - |
| Easnamh /( Barrachas) don bhliain | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | **1,080** | 1,468 | **956** | 1,287 |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | **(1,080)** | (1,468) | **(956)** | (1,287) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malairte | **-** | - | **-** | - |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | - | - | **-** | - |

**Cúlchiste Deontais Chaipitil**

| | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Ar 1 Eanáir | **329** | 321 | **292** | 276 |
| Cistiú caipitil infhaighte le linn na tréimhse | **42** | 44 | **37** | 38 |
| Cistiú a fuarthas via cúnamh teicniúil | **27** | 99 | **24** | 87 |
| Brabús/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **-** | - | **-** | - |
| Lúide an méid a scaoileadh don chuntas ioncaim agus caiteachais | **(137)** | (135) | **(122)** | (118) |
| Difríocht ar aistriú malairte eachtraí | **(24)** | - | **(19)** | 9 |
| **Ar 31 Nollaig** | **237** | **329** | **212** | **292** |
| **Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana** | **237** | **329** | **212** | **292** |



Tá na nótaí ar leathanaigh 59 go 81 agus an t-aguisín ar leathanach 82 ina gcuid de na cuntais seo.

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
## Don Bhliain Dar Chríoch An 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 | 2018<br>£'000 | 2017<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glanmhéid airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | 13.1 | **(5,277)** | 20,696 | **(4,211)** | 19,088 |
| **Insreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | | | |
| Íocaíochtaí d'fhonn sócmhainní seasta a fháil | | **(70)** | (143) | **(62)** | (125) |
| **Insreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | | | | |
| Cistiú caipitil a fuarthas | | **70** | 143 | **62** | 125 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid & coibhéisí airgid** | | **(5,277)** | 20,696 | **(4,211)** | 19,088 |
| **Airgead & coibhéisí airgid ag tús na bliana** | 13.2 | **44,469** | 24,200 | **39,361** | 20,749 |
| **Airgead & coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **39,192** | 44,896 | **35,150** | 39,837 |



Tá na nótaí ar leathanaigh 59 go 81 agus an t-aguisín ar leathanach 82 ina gcuid de na cuntais seo.

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

I gcomhréir leis an treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais (RA) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), i Meitheamh 2017, ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil.

### 1.2. Trasdul go dtí FRS102 - an Treoir Thuaidh/ Theas 2017

Ba í an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 an chéad bhliain ar ullmhaíodh na cuntais faoin Treoir Cuntas agus Tuairiscithe Airgeadais do na Comhlachtaí Thuaidh Theas 2017 (FRS) 102. Tá difríocht idir cuid de riachtanais agus roghanna beartais chuntasaíochta FRS 102 maidir le haitheantas, bainistiú, cur i láthair agus nochtadh, agus na prionsabail chuntasaíochta ar glacadh go coitianta leo sa Ríocht Aontaithe roimhe seo agus rinneadh uasdátuithe dá réir sin.

### 1.3. Ioncam & Caiteachas

Áirítear ar an ioncam deontais airgid a fuarthas ón Roinn Áirgeadais i dTuaisceart Éireann agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Cuirtear ioncam ó dheontais do shochar an Ráitis Ioncam, sa mhéid go dteastaíonn sé chun caiteachas gaolmhar a chlúdach (rud a aithnítear ar bhonn fabhraithe). Aithnítear deontas barrachais mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Baineann caiteachas le gníomhaíochtaí oibriúcháin CCSAE agus tugtar cuntas ann ar bhonn fabhraithe.

### 1.4. Féichiúnaithe & Creidiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe tar éis do sholáthar bheith déanta d'aon dhrochfhiacha nó amhrasacha (más infheidhme). Baineann creidiúnaithe le gníomhaíochtaí oibriúcháin CCSAE agus tugtar cuntas iontu ar bhonn fabhraithe.

### 1.5. Sócmhainní Seasta

Is ionann luach na Sócmhainní Seasta agus a gcostas do CCSAE, déantar iad a chaipitliú áit gur ionann luach sócmhainne aonair agus £500 nó níos mó ná sin. Áirítear bogearraí ceannaithe ar na sócmhainní doláimhsithe.

Déantar dímheas ar shócmhainní seasta ón mhí i ndiaidh a bhfála, ar rátaí a ríomhtar chun costas nó luach gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go cothrom thar a saol úsáideach tuartha, nó thar an tréimhse léasa má tá an tréimhse sin níos gairide. Seo mar atá an saol úsáideach tuartha i bpríomhchatagóirí na sócmhainní seasta:

| | |
|---|---|
| Daingneáin & Feisteas | 7 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 5 mbliana |
| Trealamh Oifige | 7 mbliana |
| Sócmhainní léasaithe | 7 mbliana Téarma an léasa, nó saol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is gairide |
| Sócmhainní doláimhsithe | 5 mbliana |

Meastar nach leor luach na sócmhainní oibriúcháin atá in úsáid in CCSAE ionas gur gá athluacháil bhliantúil a dhéanamh orthu.

## 1.6. Costais Phinsin

Tá scéim phinsin le sochair shainithe i bhfeidhm ag CCSAE, a ndéantar í a chistiú uair sa bhliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear le hairgead a bhíonn ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn.

Faightear cistiú freisin trí asbhaintí ó thuarastail na foirne, a ndéanann CCSAE iad a aisíoc le RA agus le RCPA. Tá na hasbhaintí san áireamh le costais tuarastal agus phá (nóta 5).

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist. Aithnítear méid arb ionann é agus an costas pinsin mar ioncam sa mhéid gur inghnóthaithe é, agus déantar é a fhritháireamh le deontais arna bhfáil sa bhliain atá i gceist chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlána don bhliain inar tharla siad, agus aithnítear coigeartú dá réir sa mhéid is inghnóthaithe ó RA/RCPA.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag na baill foirne go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a gheofar ar ais ón RA/RCPA sa todhchaí.

## 1.7. Cáin Bhreisluacha

Ní féidir le CCSAE CBL a éileamh ar ais. Dá bhrí sin, áirítear an cháin bhreisluacha mar chaiteachas agus déantar í a chaipitliú i luach na sócmhainní seasta, nuair is cuí.

## 1.8 Léasanna

Déantar sócmhainní atá faoi léas airgeadais nó faoi chonarthaí fruilcheannaigh a chaipitliú de réir a luacha chóir ag tús an léasa agus dímheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar shaol geilleagrach úsáideach tuartha na sócmhainní, cibé acu is gairide. Déantar na muirir airgeadais a leithroinnt thar thréimhse an léasa agus cuirtear iad de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Áirítear nithe ar cíos sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar thréimhse an léasa.

## 1.9 Airgeadraí

Déantar idirbhearta CCSAE i cibé airgeadra atá ag an dlínse ina ndéantar iad. Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair sa dá airgeadra. Léirítear iontu carnadh na n- idirbheart ar fad sa bhliain i ngach dlínse agus tá siad aistrithe de réir na meánrátaí malairte faoi seach le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta atá ann an tráth sin.

Ag deireadh na bliana, aistrítear an Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus na sócmhainní agus na dliteanais de réir an ráta reatha malairte ag an tráth sin.

Is iad seo a leanas na rátaí malairte a úsáideadh le haghaidh 2017 agus 2018:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Meánráta | £1 = €1.130 | £1 = €1.141 |
| Ráta ag deireadh na bliana | £1 = €1.115 | £1 = €1.127 |

D'fhéadfadh an chuma a bheith ar na difríochtaí idir figiúirí na bliana reatha agus méideanna inchomparáide san airgeadra tánaisteach go bhfuil siad ró-mhór nó ró-bheag de bharr thionchar na ngluaiseachtaí sna rátaí malairte.

### 1.10 An Láraonad Íocaíochtaí

Tá Láraonad Íocaíochtaí ag CCSAE a bunaíodh chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail arna gcistiú faoi na Cláir AE ábhartha thar ceann na Ranna Cuntasacha Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm idir CCSAE agus na Ranna Cuntasacha ar fad, ina leagtar amach freagrachtaí an dá pháirtí, agus ina sonraítear go soiléir nach de réir rogha CCSAE a bhaintear úsáid as na cistí, ach go bhfuil siad ar fáil chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail faoin Roinn Chuntasach chuí, faoin gClár cuí agus faoin Téama cuí, agus chun na cuspóra sin amháin.

Tarraingítear cistiú ó na Ranna agus coinnítear é i gcuntais bhainc ar leith. Déantar íocaíochtaí le tionscadail ar bhonn dearbhán leictreonach arna n-údarú mar is cuí.

I gcás INTERREG IVA agus PEACE III, taispeántar íocaíochtaí a rinneadh le tionscadail (agus iad coigeartaithe i dtaca le fabhrú agus réamhíocaíochtaí neamhthuillte) laistigh den chaiteachas sa Ráiteas Ioncaim. Tá an t-ioncam lena gclúdaítear na híocaíochtaí sin roinnte idir 'Éilimh Inghnóthaithe' faoin gCoimisiún Eorpach agus cistiú meaitseála ó Ranna Cuntasacha. Taispeántar aon bharrachas/ easnamh sa chistiú a fhaightear ó na Ranna mar ioncam fabhraithe/iarchurtha laistigh d'fhéichiúnaithe nó do chreidiúnaithe.

Comhlíonann CCSAE an fheidhm sin trína ról mar Údarás Deimhniúcháin don chlár PEACE III agus don chlár INTERREG IVA.

Íocaíochtaí a dhéantar le tairbhithe a mheastar ina dhiaidh sin a bheith neamh- incháilithe, déanann CSCAE iad a aisghabháil trí fhritháireamh i gcoinne éileamh ó Cheannpháirtithe ina dhiaidh sin, nó trí aisíocaíocht dhíreach ón tionscadal. Sa chás nach n-éireoidh leis an aisghabháil trí na modhanna sin, iarrann CCSAE treoir ó na Ranna Cuntasacha ábhartha maidir leis an bpróiseas aisghabhála. Sa chás nach féidir íocaíochtaí a aisghabháil, is ar na Ballstáit a thitfidh an fhreagracht.

### 1.11 Cúlchiste Deontais Caipitil

Cuirtear deontais le haghaidh cuspóirí caipitil chun sochair Cúlchiste Deontas Caipitil agus scaoiltear chuig an Ráiteas Ioncaim iad thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainní.

### 1.12 Ceangaltais

Is ionann na ceangaltais agus oibleagáidí faoi chonradh sna blianta amach romhainn maidir le conarthaí ar ann dóibh ag deireadh na bliana. Soláthraítear d'aon dliteanais a bhaineann le gníomhaíocht tionscadail sa bhliain reatha trí fhabhruithe nó trí sholáthair, mar a mheastar bheith cuí.

## 2. DEONTAS Ó NA RANNA

| | RA | RCPA | IOMLÁN 2018 | IOMLÁN 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Deontas infhaighte:** | | | | |
| Riarachán agus Speansais | 1,115 | 989 | 2,104 | 2,044 |
| Cistiú caipitil | 23 | 21 | 44 | 44 |
| **Iomlán** | **1,138** | **1,010** | **2,148** | **2,088** |
| Arna roinnt mar seo a leanas: | | | | |
| Deontais curtha do shochar an Ráitis Ioncaim | 1,115 | 989 | 2,104 | 2,044 |
| Deontais curtha do shochar Cúlchiste an Deontais Caipitil | 23 | 21 | 44 | 44 |
| **Iomlán Total** | **1,138** | **1,010** | **2,148** | **2,088** |

| | DOF 2018 | DPER 2017 | TOTAL | TOTAL |
|---|---|---|---|---|
| | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| **Deontas infhaighte:** | | | | |
| Riarachán agus Speansais | 987 | 875 | 1,862 | 1,791 |
| Cistiú caipitil | 20 | 18 | 38 | 38 |
| **Iomlán** | **1,007** | **893** | **1,900** | **1,829** |
| **Arna roinnt mar seo a leanas:** | | | | |
| Deontais curtha do shochar an Ráitis Ioncaim | 987 | 875 | 1,862 | 1,791 |
| Deontais curtha do shochar Cúlchiste an Deontais Caipitil | 20 | 18 | 38 | 38 |
| **Iomlán** | **1,007** | **893** | **1,900** | **1,829** |

Eisítear deontais ó Ranna Coimircíochta ar chóimheas comhaontaithe cistithe Thuaidh/Theas (53/47), arna choigeartú i gcomhair cóimheas sainiúla cistithe pinsinéara aonair.

## 3. ANAILÍS OIBRÍOCHTÚIL

I dtéarmaí na réimsí gníomhaíochta, is féidir na torthaí don bhliain a anailísiú mar seo a leanas:

| | | Láraonad Íocaíochtaí Unit | Riarachán | IOMLÁN 2018 | IOMLÁN 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Income** | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Deontas ó Ranna Urraíochta (Riarachán) | (i) | - | 2,104 | 2,104 | 2,044 |
| Deontais ó Ranna Cuntasachta (Cláir) | (ii) | 8,718 | - | 8,718 | 2,240 |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | 0 | 0 | 1 |
| Scaoileadh Deontais Caipitil | | - | 137 | 137 | 135 |
| Éilimh is infhaighte ó AE | | 49,405 | - | 49,405 | 12,703 |
| Cistiú Thuaidh/Theas na Scéime Pinsin | | - | 1,166 | 1,166 | 1,467 |
| | | **58,123** | **3,407** | **61,530** | **18,590** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (137) | (137) | (135) |
| Costas Foirne | | - | (2,657) | (2,657) | (2,900) |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | (613) | (613) | (611) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | | - | 0 | 0 | (1) |
| Íocaíochtaí le Tionscadail | (iii) | (58,123) | - | (58,123) | (14,943) |
| | | **(58,123)** | **(3,407)** | **(61,530)** | **(18,590)** |
| **Barrachas/(Easnamh)** | | - | - | - | - |

| | | Central Payments Unit | Administration | TOTAL 2018 | TOTAL 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| Deontas ó Ranna Urraíochta (Riarachán) | (i) | - | 1,862 | 1,862 | 1,791 |
| Deontais ó Ranna Cuntasachta | (ii) | 7,715 | - | 7,715 | 1,963 |
| (Cláir) | | - | 0 | 0 | 1 |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | 121 | 121 | 118 |
| Scaoileadh Deontais Caipitil | | 43,721 | - | 43,721 | 11,133 |
| Éilimh is infhaighte ó AE | | - | 1,032 | 1,032 | 1,286 |
| Cistiú Thuaidh/Theas na Scéime Pinsin | | **51,436** | **3,015** | **54,451** | **16,292** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costas Foirne | | - | (121) | (121) | (118) |
| Ioncam Oibríochta Eile | | - | (2,352) | (2,352) | (2,542) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais | | - | (542) | (542) | (535) |
| Íocaíochtaí le Tionscadail | | - | 0 | 0 | (1) |
| Project Payments | (iii) | (51,436) | - | (51,436) | (13,096) |
| | | **(51,436)** | **(3,015)** | **(54,451)** | **(16,292)** |
| **Barrachas/(Easnamh)** | | - | - | - | - |

## 3. ANAILÍS OIBRÍOCHTÚIL (AR LEAN)

(i) Áirítear le 'Deontas Infhaighte' cistiú do chostais reatha infhaighte ó Ranna Coimircíochta CCSAE (RA agus RCPA).

(ii) Áirítear le 'Deontais ó Ranna Cuntasacha' cistiú meaitseála ó Ranna Cuntasacha, chun caiteachas faoi PEACE III agus INTERREG IVA a chlúdach.

(iii) Is féidir anailís a dhéanamh de réir Cláir ar Íocaíochtaí le Tionscadail (agus ar ioncam a aithníodh chun an caiteachas sin a chistiú) arbh fhiú €58,123k (£51,436k) iad mar seo a leanas:

| | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| **PEACE IV**<br>Deontais chláir a úsáideadh chun Síocháin agus Athmhuintearas a chur chun i dTuaisceart Éireann agus Contaetha na Teorann. Ar na gníomhaíochtaí deontais bhí oideachas comhroinnte, spás agus seirbhísí comhroinnte, páistí agus daoine óga agus caidreamh dearfach a thógáil. E.g - In 2018 chuaigh beagán faoi bhun leath na n-íocaíochtaí (€1.3m) ar Chúnamh Teicniúil agus caitheadh an t-iarmhéid ar thionscadail don oideachas comhroinnte agus caidreamh dearfach a thógáil via pleananna de chuid na n-údarás áitiúla. | 27,735 | 24,544 |
| **INTERREG VA**<br>Úsáideadh deontais chláir chun fadhbanna a shárú a thagann de bharr teorainn a bheith ann. Ar na gníomhaíochtaí deontais bhí Taighde & Nuáil don fhorbairt fhiontair thrasteorann, tionscnaimh comhshaoil, tionscadail don iompar inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí trasteorann sláinte agus cúraim shóisialta. E.g. In 2018 caitheadh €1.1m ar Chúnamh Teicniúil, €12.2m ar Ais Thosaíochta1 'Taighde & Nuáil, €7.7m de ar Ais Thosaíochta 2 Comhshaol', €5.1m ar Ais Thosaíochta 3 'Iompar Inbhuanaithe' agus €4.3m ar Ais Thosaíochta 4, 'Sláinte'. | 30,388 | 26,892 |
| | **58,123** | **51,436** |



Níl cistiú meaitseála ón Albain san áireamh sa chaiteachas atá léirithe i gcuntais CCSAE toisc nach gcuirtear trí CCSAE é, ach gurb iad na tionscadail féin a dhéanann cistiú air trí fhoinsí éagsúla. In 2018 b'ionann an cistiú meaitseála ón Albain agus thart ar €0.33m (2017: €0.027m).

## 3. ANAILÍS OIBRÍOCHTÚIL (AR LEAN)

Tá costais Chúnaimh Theicniúil (TA) a thabhaigh CCSAE arb ionann iad agus €2.4m (£2.1m) in 2018, €2.4m (£2.1m) in 2017 san áireamh in 'Íocaíochtaí le Tionscadail'. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí an TA an clár a fheidhmiú, a mhonatóiriú agus a iniúchadh i gceart. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí eile an TA chomh maith luachálacha éifeachtacha a chur i gcrích agus tairbhithe féideartha agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas maidir leis na deiseanna agus leis na haschuir agus na torthaí a bhaineann leis an gclár. Seo a leanas an anailís:

| **2018** | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| CCSAE | 2,358 | 2,087 |
| | **2,358** | **2,087** |

| **2017** | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| CCSAE | 2,394 | 2,098 |
| | **2,394** | **2,098** |

## 4. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Ús Infhaighte | **0** | 1 | **0** | 1 |

## 5. COSTAIS FOIRNE

(a) The average number of employees throughout 2018 (full time equivalent, including temporary staff) was:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Lucht Bainistíochta Sinsearach | 4 | 3 |
| Bainistiú na gClár | 6 | 5 |
| Measúnú Tionscadal agus Tacaíocht (fíorú san áireamh) | 33 | 33 |
| Seirbhísí Corparáideacha (íocaíochtaí le tionscadail agus deimhniú tionscadal san áireamh) | 17 | 18 |
| **Iomlán** | **60** | **59** |

(b) Ba iad na costais a tabhaíodh maidir leis na fostaithe sin:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 2,164 | 2,205 | 1,915 | 1,933 |
| Baill foirne ghníomhaireachta shealadacha | 492 | 289 | 436 | 254 |
| Costais Slándála Sóisialaí: | 218 | 219 | 193 | 192 |
| Costais Phinsin Eile | | | | |
| - Costas seirbhíse reatha agus costas úis (Nóta 12a) | 1,252 | 1,555 | 1,108 | 1,363 |
| | **4,126** | **4,268** | **3,652** | **3,742** |
| Cistithe trí Chúnamh Teicniúil PEACE IV | (749) | (684) | (663) | (601) |
| Cistithe trí Chúnamh Teicniúil INTERREG VA | (720) | (684) | (637) | (600) |
| **Iomlán** | **2,657** | **2,900** | **2,352** | **2,541** |

Nochtar pá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, mar aon le pá na Bainistíochta Sinsearaí, sa Tuarascáil Íocaíochta.
B'ionann an pá a íocadh leis an mBainistíocht Shinsearach in 2018 agus £206,545. (2017 : £203,789)

## 6. FEIDHMÍOCHT OS COINNE PRÍOMHSPRIOCANNA AIRGEADAIS

D'éirigh le CCSAE feidhmiú de réir an bhuiséid a leithdháileadh dó don bhliain.
Ní raibh aon spriocanna rialála airgeadais ann do PEACE IV ná do INTERREG VA in 2018.

## 7. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costais na nÁitreabh Oifige | 581 | 556 | 514 | 487 |
| TFC | 233 | 213 | 206 | 187 |
| Costais Riaracháin Eile | 40 | 35 | 35 | 31 |
| Taisteal & Cothabháil | 119 | 105 | 105 | 92 |
| Oiliúint & Síntiúis | 47 | 63 | 42 | 55 |
| Seirbhísí Gairmiúla Eile | 184 | 138 | 163 | 121 |
| Táillí Iniúchóireachta | | | | |
| Iniúchadh Seachtrach | 29 | 23 | 26 | 20 |
| Údarás Iniúchóireachta | 257 | 254 | 227 | 223 |
| Iniúchadh Eile | 51 | 44 | 45 | 39 |
| Cumarsáidí | 157 | 187 | 139 | 164 |
| Bainistiú & Luacháil Clár | 359 | 260 | 318 | 228 |
| Measúnú Tionscadal, Feidhmiú & Monatóireacht | 453 | 229 | 401 | 201 |
| **IOMLÁN NA nOLLCHOSTAS OIBRIÚCHÁIN** | **2,510** | **2,107** | **2,221** | **1,848** |
| Cistithe ag Cúnamh Teicniúil | (1,897) | (1,496) | (1,679) | (1,312) |
| **IOMLÁN NA nGLANCHOSTAS OIBRIÚCHÁIN** | **613** | **611** | **542** | **536** |

Ó 2016 amach, tá cur i láthair an nóta seo leasaithe chun iomlán na n-ollchostas a léiriú i leith gach catagóire, agus asbhaintear ansin an rannchuidiú cistithe don Chúnamh Teicniúil chun glanchostais a fhágáil (iad cistithe ag deontais riaracháin ó na Ranna Coimircíochta).

San áireamh thuas faoi Chostais Oibriúcháin Eile tá caiteachas fáilteachais de £6,609 in 2018 (£7,400 in 2017).

Is ionann an táille d'Iniúchadh Seachtrach d'Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann (NIAO) agus £26,000 in 2018 (2017 : £22,000 - baineann an tsuim de £20k sa nóta thuas le coigeartú fabhraithe de £2k ó 2016.)

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA

### (a) Sócmhainní Inláimhsithe

| | Feabhsúcháin Léasachta €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Trealamh Ríomhaire €'000 | Daingneáin & Feistis €'000 | Iomlánl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,247 | 64 | 679 | 120 | 2,110 |
| Nithe Breise | 0 | 3 | 17 | 0 | 20 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 1,247 | 67 | 696 | 120 | 2,130 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2018 | 1,132 | 58 | 585 | 117 | 1,892 |
| Soláthar don bhliain | 63 | 1 | 40 | 1 | 105 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2018 | 1,195 | 59 | 625 | 118 | 1,997 |
| **Glanluach de réir na leabhar (€)** | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **52** | **8** | **71** | **2** | **133** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **115** | **6** | **94** | **3** | **218** |
| **Glanluach de réir na leabhar (£)** | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **46** | **6** | **65** | **1** | **118** |
| **Coigeartú Aistrithe Airgeadra** | **1** | **0** | **1** | **0** | **2** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2018 (mar a coigeartaíodh)** | **47** | **6** | **66** | **1** | **120** |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **102** | **5** | **85** | **2** | **194** |

Is ionann an coigeartú aistrithe airgeadra agus an difear idir glanluach na sócmhainní seasta de réir na leabhar, arna ríomh ag úsáid na rátaí malairte mar atá ag deireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar sonraithe ag rátaí stairiúla malairte.

Níl aon sócmhainní á gcoinneáil faoi léasanna airgeadais ná faoi chonarthaí fruilcheannaigh.

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA (Ar Lean)

### (b) Sócmhainní Doláimhsithe

| | Ceadúnais Bogearra €'000 |
|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2018 | 471 |
| Nithe breise | 20 |
| Diúscairtí | |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2018 | 491 |
| **Dímheas** | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 361 |
| Soláthar don bhliain | 32 |
| Diúscairtí | |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2018 | 393 |
| **Glanluach de réir na Leabhar(€)** | |
| **31 Nollaig 2018** | **98** |
| **31 Nollaig 2017** | **110** |
| **Glanluach de réir na Leabhar (£)** | |
| **31 Nollaig 2018** | **88** |
| **Coigeartú faoi choinne Aistriú Airgeadra** | **(1)** |
| **31 Nollaig 2018 (mar a coigeartaíodh)** | **87** |
| **31 Nollaig 2017** | **97** |

Is ionann an coigeartú aistrithe airgeadra agus an difear idir glanluach na sócmhainní seasta de réir na leabhar, arna ríomh ag úsáid na rátaí malairte mar atá ag deireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar sonraithe ag rátaí stairiúla malairte.

## 9(a) FÉICHIÚNAITHE MÉIDEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN AMHÁIN

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | (i) | 32,080 | 7,005 | 28,771 | 6,216 |
| Méideanna atá dlite ón gCoimisiún Eorpach | (ii) | 5,765 | 27,705 | 5,170 | 24,583 |
| Féichiúnaithe eile | | 59 | 84 | 52 | 74 |
| | | **37,904** | **34,794** | **33,993** | **30,873** |

## 9(b) FÉICHIÚNAITHE MÉIDEANNA ATÁ DLITE TAR ÉIS BREIS IS BLIAIN

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Méideanna atá dlite ón gCoimisiún Eorpach | (ii) | 2,395 | 156 | 2,148 | 139 |
| | | **2,395** | **156** | **2,148** | **139** |

(i) Nuair a léirítear go bhfuil gá leis, déantar réamhíocaíochtaí le tionscadail agus athraítear ina n-íocaíochtaí iarbhír iad níos moille anonn. Tá sé sin ag teacht le Rialacháin AE agus le Managing Public Money NI.

(ii) (ii)Feidhmíonn CCSAE mar Údarás Deimhniúcháin do na Cláir INTERREG VA agus PEACE IV agus tá sé freagrach as cistiú a éileamh ón gCoimisiún Eorpach. Amhail ar an 31 Nollaig 2018 bhí suim iomlán de €8,159,714 (£7,318,129) infhála ón gCoimisiún Eorpach, i leith éileamh a cuireadh isteach agus éileamh nár cuireadh isteach araon. Bhí €5,764,423 (£5,169,886) dlite laistigh de bhliain amháin agus bhí €2,395,291 (£2,148,243) dlite tar éis bliana amháin.

## 10. AIRGEAD & COIBHÉISÍ AIRGID

| | Note | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc: | | | | | |
| - Á choinneáil i ndáil le híocaíochtaí riaracháin | | 275 | 286 | 247 | 254 |
| - Á choinneáil i ndáil le híocaíochtaí Clár | (i) | 38,917 | 44,610 | 34,903 | 39,583 |
| **Total** | | **39,192** | **44,896** | **35,150** | **39,837** |

(i) Is ionann an t-airgead atá á choinneáil i ndáil le híocaíochtaí Clár agus na méideanna arna dtarraingt ó Ranna Rialtais chun a chur ar chumas CCSAE a chuid dualgas a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail ar bhonn tráthúil, móide aon airgead atá faighte ó AE ach nach bhfuil íoctha le Ranna Rialtais go fóill. Baintear úsáid as na méideanna sin agus déantar iad a atharraingt go ráithiúil i gcomhréir le riachtanais réamh-mheasta. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, airíodh san iarmhéid £24.21m (€26.99m) a bhaineann le réamhíocaíochtaí AE i ndáil le PEACE IV agus INTERREG VA.

## 11(a) CREIDIÚNAITHE MÉIDEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN AMHÁIN

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála agus Tionscadail | | 0 | 10 | 0 | 9 |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | (i) | 34,988 | 13,736 | 31,379 | 12,188 |
| Airgead ó CFRE is dlite do Ranna Cuntasacha | (ii) | 41,951 | 65,784 | 37,624 | 58,371 |
| Méideanna eile is dlite do Ranna | (iii) | 151 | 188 | 135 | 167 |
| | | **77,090** | **79,718** | **69,138** | **70,735** |

## 11(b) CREIDIÚNAITHE MÉIDEANNA ATÁ DLITE TAR ÉIS BREIS IS BLIANA AMHÁIN

| | Note | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead ó CFRE is dlite do Ranna Cuntasacha | (ii) | 2,395 | 127 | 2,148 | 113 |
| | | **2,395** | **127** | **2,148** | **113** |

(i) I gcás na gClár PEACE IV agus INTERREG VA, caitear leis an gcistiú a fhaightear atá de bhreis ar an gcaiteachas aitheanta mar ioncam iarchurtha agus déantar taifead air in 'Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha'.

(ii) Tarraingítear cistí ó na Ranna agus baintear úsáid astu chun éascú d'íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail le linn na bliana. Cuirtear éilimh isteach ansin faoi choinne aisíocaíochta ar ghné CFRE den chaiteachas incháilithe a tabhaíodh. Nuair a fhaightear na haisíocaíochtaí sin ón gCoimisiún Eorpach, ní mór do CCSAE na Ranna Cuntasacha a aisíoc (tríd RA agus RCPA). Amhail ar an 31 Nollaig 2018 ba é an méid a bhí dlite do Ranna i leith PEACE IV agus INTERREG VA ná €13,791,308, (£12,368,886), a bheidh dlite lena aisíoc laistigh d'aon bhliain amháin agus €2,395,291 (£2,148,243) a bheidh dlite lena aisíoc tar éis bliana amháin. At 31 December 2018 the amounts due to the EU Commission in respect of over-recoveries relating PEACE IV and INTERREG VA was €1,162,492 (£1,042,593), due for reimbursement at the end of the programme.

Tá airleacain de €26,997,228 (£24,212,761) a bhaineann le Cláir PEACE IV agus INTERREG VA san áireamh freisin san iarmhéid sin.

(iii) Tá na suimeanna eile atá dlite do Ranna déanta suas go príomha d'iarmhéideanna reatha de bhunchistiú ó Ranna Coimircíochta CCSAE

## 12. Pinsin

### a) Aistriú sa Ghlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 13,760 | 14,225 | 12,209 | 12,210 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,099 | 1,223 | 973 | 1,072 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 319 | 332 | 282 | 291 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach – gluaiseachtaí airgeadra san áireamh | (1,080) | (1,468) | (956) | (1,287) |
| Glanaistrithe isteach/(amach) | (166) | 0 | (147) | 0 |
| Sochair a íocadh | (86) | (88) | (76) | (77) |
| Difríochtaí malairte | (148) | (464) | 0 | 0 |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **13,698** | **13,760** | **12,285** | **12,209** |

Tá ranníocaíochtaí na mball san áireamh sa Chostas Seirbhíse Reatha, agus b'ionann iad agus £108k (€122k) in 2018, agus £107k (€122k) in 2017. Íocadh na suimeanna sin leis na Ranna Coimircíochta de réir na sásraí cistithe atá comhaontaithe.

Léirítear leis an gcoigeartú aistrithe airgeadra an chuid den aistriú i luach dhliteanas na scéime pinsin a fhéadtar cur i leith an athraithe ar na rátaí malairte thar an mbliain.

**Seo a leanas anailís ar an aistriú san easnamh sa Phlean sa tréimhse:**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | 167 | 1,088 | 147 | 954 |
| Gnóthachan/(caillteanas) mar gheall ar aistrithe airgeadra | (21) | (81) | (18) | (71) |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar athrú na mbonn tuisceana airgeadais (gluaiseachtaí airgeadra san áireamh) | 934 | 461 | 827 | 404 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **1,080** | **1,468** | **956** | **1,287** |

Baineann an eilimint is mó den ghnóthachan achtúireach de £956,000 leis na hathruithe ar na boinn tuisceana achtúireacha mar go bhfuil siadsan tar éis an luach atá curtha ar na dliteanais a laghdú. Leis an athrú ar na rátaí lascaine Thuaidh agus Theas tá laghdú de £759,000 tagtha ar luach na ndliteanas. Leis an athrú ar an bonn tuisceana mortlaíochta tá laghdú eile de tuairim is £68,000 tagtha ar luach na ndliteanas. Is é an t-athrú ar na rátaí lascaine is mó is cúis leis an ngnóthachan ar athrú na mbonn tuisceana, agus le luacháil iomlán achtúireach do bheith curtha i gcrích (féach nóta 12e).

## 12. PINSIN (AR LEAN)

**Anailís ar Ioncam agus Caiteachas don Bhliain Airgeadais**

### b) Glanchistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean

I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a glacadh leis roimhe seo do na comhlachtaí Thuaidh Theas, aithníonn CCSAE sócmhainn arb ionann í agus na hacmhainní atá le cur ar fáil ag Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann don dliteanas neamhchistithe iarchurtha i gcomhair pinsean bunaithe ar roinnt teagmhas a tharla san am a chuaigh thart. I measc na dteagmhas sin tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas sa dá dhlínse maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, agus próiseas na meastachán bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil ar bith ann, agus dá bhrí sin nach bhfuil ráthaíocht ar bith ann ó na comhlachtaí cistithe maidir leis na méideanna sainiúla atá i gceist, níl fianaise ar bith ag CCSAE a thabharfadh le fios nach mbeidh fáil leanúnach ar an méid sin amhail mar atá faoi láthair faoin gcleachtas reatha.

Is mar seo a leanas a bhí an Glanchistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean a aithníodh sa Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais:

| | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Costas Reatha Seirbhíse | 1,099 | 1,223 | 973 | 1,072 |
| Costas Airgeadais Eile | 319 | 332 | 282 | 291 |
| Sochair a íocadh le linn na bliana | (86) | (88) | (76) | (77) |
| Aistrithe Pinsin Isteach / (Amach) | (166) | 0 | (147) | 0 |
| | **1,166** | **1,467** | **1,032** | **1,286** |

B'ionann sócmhainn an chistithe iarchurtha faoi choinne pinsean amhail ar an 31 Nollaig 2018 agus €13.698m (£12.285m): 2017: €13.760m (£12.209m).

### c) Costais reatha seirbhíse pinsin arna gcur de mhuirear ar an gCaiteachas:

| | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **£'000** | **£'000** |
| Costas seirbhíse reatha | 1,099 | 1,223 | 973 | 1,072 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 319 | 332 | 282 | 291 |
| Aistrithe Pinsin Isteach / (Amach) | (166) | 0 | (147) | 0 |
| | **1,252** | **1,555** | **1,108** | **1,363** |

## 12. PINSIN (AR LEAN)

### d) Cistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2018 £'000 | 2017 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir January | 1,467 | 1,018 | 1,286 | 832 |
| Méadú (Laghdú) ar Chistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean | (287) | 513 | (254) | 454 |
| Coigeartú i leith Aistrithe Airgeadra | (14) | (64) | 0 | 0 |
| **Amhail ar an 31ú Nollaig** | **1,166** | **1,467** | **1,032** | **1,286** |

### e) Stair na n-oibleagáidí um shochair shainithe

| | 2018 £'000 | 2018 €'000 | 2017 £'000 | 2017 €'000 | 2016 £'000 | 2016 €'000 | 2015 £'000 | 2015 €'000 | 2014 £'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí um shochair shainithe | **(12,285)** | (13,698) | **(12,209)** | (13,760) | **(12,210)** | (14,225) | **(6,826)** | (9,291) | **(7,511)** | (9,644) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, agus tionchar gnóthachain/ (caillteanais) an ráta malairte san áireamh | **147** | 167 | **954** | 1,088 | **(1,110)** | (1,358) | **104** | 143 | **205** | 254 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **1.20%** | 1.20% | **7.90%** | 7.90% | **-9.10%** | -9.10% | **1.50%** | 1.50% | **2.70%** | 2.70% |

## 12. PINSIN (AR LEAN)

### f) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Scéim pinsin il-fhostóra le sochar sainithe atá sa Scéim Phinsin Thuaidh/Theas, arna feidhmiú le faomhadh na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas agus na nAirí Airgeadais.  Is éard atá sa scéim pinsean ná roinnt codanna ag a bhfuil struchtúir éagsúla i dtaobh sochar. Is iad na príomhchodanna:

Cuid an Bhuntuarastail Deiridh – seo socrú faoina mbíonn an pinsean bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina mbíonn na sochair de réir shamhail na coda Clasaicí de Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Trí bhíthin na scéime, cuirtear pinsean ar fáil (ochtaduithe faoi choinne gach bliain seirbhíse) mar aon le haisce nó cnapshuim (trí ochtadú faoi choinne gach bliain seirbhíse) agus pinsin i leith céilí agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill an Ghnáthaois Scoir. Tagann méadú ar phinsin arna n-íoc (agus atá iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta praghsanna.

An chuid 'Core alpha' – seo socrú faoina mbíonn an pinsean bunaithe ar an tuilleamh athluacháilte thar mheán na gairmré nó an scéim CARE, ina mbíonn na sochair de réir shamhail na coda alpha de Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann.

Íocann an scéim pinsean atá bunaithe ar chéatadán (2.32%) den phá inphinsin maidir le gach bliain de bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim ag teacht leis an mboilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin i leith céilí agus leanaí. Is ionann an Ghnáthaois Scoir agus Aois an Phinsin Stáit i gcás baill sa dlínse ábhartha, is é sin, faoi láthair, 67, 68 nó idir 67 agus 68 sa Ríocht Aontaithe agus 68 in Éirinn. Tagann méadú ar phinsin arna n-íoc (agus atá iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta praghsanna. I gcás fhormhór na mball den chuid Core, bíonn sochair acu sa chuid Tuarastail Deiridh agus sa chuid alpha araon, agus is iondúil go mbeidh iontrálaithe nua a ghlacfaidh páirt sa Scéim tar éis an 1 Aibreán 2015 ina mbaill den chuid Core alpha.

Tá an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS102 amhail an 31 Nollaig 2018 déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách (Deloitte Total Reward & Benefits Ltd). Ullmhaíodh na torthaí i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime agus aird ar dhálaí an mhargaidh agus sonraí na scéime amhail an 31 Nollaig 2018.

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana:

| | 31-Noll-18 | 31-Noll-17 | 31-Noll-16 | 31-Noll-15 | 31-Noll-14 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta lascaine: | | | | | |
| TÉ | 2.75% | 2.5% | 2.7% | 3.7% | 3.6% |
| PÉ | 2.15% | 2.1% | 1.9% | 2.65% | 2.1% |
| Ráta boilsciú: | | | | | |
| TÉ | 2.15% | 2.1% | 2.3% | 1.9% | 2.0% |
| PÉI | 1.4% | 1.65% | 1.5% | 2.0% | 2.0% |
| Ráta méadaithe na dtuarastal | | | | | |
| TÉ | 2.15% | 2.1% | 2.3% | 2.9% | 3.0% |
| PÉ | 2.15% | 3.0% | 3.0% | 3.0% | 3.0% |
| Meánráta méadaithe na bpinsean: | | | | | |
| TÉ | 2.15% | 2.1% | 2.3% | 1.9% | 2.0% |
| PÉ (méadaithe sna tuarastail) | 2.15% | 3.0% | 3.0% | 3.0% | 3.0% |
| PÉ (PIT) | 1.4% | 1.65% | 1.5% | 2.0% | 2.0% |
| Meánfhad ionchasach saoil ag aois 65 bliain anois do: | | | | | |
| Fear atá 65 bliana d'aois | 21.9 | 22.1 | 22.2 | 21.9 | 22.1 |
| Bean atá 65 bliana d'aois | 23.8 | 23.9 | 24.2 | 23.8 | 24.3 |
| Fear atá 45 bliana d'aois | 23.3 | 23.5 | 23.9 | 23.1 | 23.5 |
| Bean atá 45 bliana d'aois | 25.4 | 25.4 | 26.1 | 25.3 | 25.8 |

## 13. ÓTAÍ LEIS AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

### 13.1 Réiteach an toraidh don tréimhse leis an nglan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 | 2018<br>£'000 | 2017<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) don tréimhse** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Coigeartú faoi choinne na n-idirbheart nach raibh airgead tirim i gceist leo** | | | | |
| Difríochtaí malairte ar aistriú iarmhéideanna airgid tosaigh ar an 1 Eanáir | 427 | 816 | 476 | 724 |
| Dímheas | 137 | 135 | 121 | 118 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | (137) | (135) | (121) | (118) |
| Difríocht ar Aistriú Airgeadra Eachtraigh | 6 | - | - | - |
| Cúlchistí a ndearnadh a fhritháireamh i gcoinne chistiú ó Roinn | - | - | - | - |
| **Coigeartuithe faoi choinne gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | | |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | (5,349) | 14,531 | (5,129) | 11,438 |
| (Laghdú) ar chreidiúnaithe | (361) | 5,349 | 442 | 6,926 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(5,277)** | **20,696** | **(4,211)** | **19,088** |

### 13.2 Réiteach an ghlan-eis-sreafa airgid le haistriú sa ghlanfhiachas

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 | 2018<br>£'000 | 2017<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc amhail ar an 1 Eanáir | 44,896 | 25,016 | 39,837 | 21,473 |
| Ath-aistriú go dtí rátaí malairte na bliana reatha | (427) | (816) | (476) | (724) |
| | 44,469 | 24,200 | 39,361 | 20,749 |
| Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid | (5,277) | 20,696 | (4,211) | 19,088 |
| Airgead sa bhanc amhail ar an 31 Nollaig | 39,192 | 44,896 | 35,150 | 39,837 |

## 14. SOLÁTHAIRTÍ & DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ní raibh aon soláthairtí ná dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2018 ná amhail ar an 31 Nollaig 2017.

## 15 OPERATING LEASE COMMITMENTS

Amhail an 31 Nollaig bhí ceangaltas ar CCSAE maidir leis na híocaíochtaí seo a leanas a dhéanamh i rith na bliana seo chugainn maidir le léasanna oibriúcháin:

| | Talamh agus Foirgnimh 2018 | Eile 2018 | Talamh agus Foirgnimh Athshonraithe Buildings 2017 | Nithe eile Athshonraithe 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léasanna neamh-dhochealaithe i leith gach aon tréimhse de na tréimhsí seo a leanas:- | | | | |
| (i) Laistigh de bhliain amháin | 268 | 9 | 271 | 4 |
| (ii) Laistigh de thréimhse bliana amháin agus tréimhse cúig bliana;agus | 875 | 32 | 932 | - |
| (iii) Tar éis cúig bliana | 418 | - | 422 | - |
| | **1,561** | **41** | **1,625** | **4** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léasanna neamh-dhochealaithe i leith gach aon tréimhse de na tréimhsí seo a leanas:- | | | | |
| | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 |
| (i) Laistigh de bhliain amháin | 240 | 8 | 240 | 3 |
| (ii) Laistigh de thréimhse bliana amháin agus tréimhse cúig bliana; agus | 785 | 29 | 827 | - |
| (iii) Tar éis cúig bliana | 375 | - | 375 | - |
| | **1,400** | **37** | **1,442** | **3** |

## 16. CEANGALTAIS CHAIPITIÚLA

Ní raibh aon cheangaltais chaipitiúla ar CCSAE amhail an 31 Nollaig 2018 ná amhail an 31 Nollaig 2017.

## 17. CEANGALTAIS DEONTAIS

Ar 31 Nollaig 2018, bhí ceangaltais deontais ar CCSAE i leith roinnt Príomhchomhpháirtithe, tar éis do roinnt Litreacha Tairisceana a bheith eisithe agus glactha.

| | Deontas deonaithe | Íoctha go dtí seo | Ceangaltas gan Íoc 31/12/2018 | Ceangaltas gan Íoc 1/12/2018 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| PEACE IV | 253,412 | 18,099 | 235,313 | 190,500 |
| INTERREG VA | 269,488 | 22,770 | 246,718 | 218,467 |
| | **522,900** | **40,869** | **482,031** | **408,967** |

Baineann na ceangaltais thuas ar fad le Cláir 2014-20. Bhí formhór na Litreacha Tairisceana a eisíodh in 2017 ainmnithe in Euro agus líon beag díobh i Steirling.

## 18. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE (CCSAE) arna urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe in Éirinn.

Meastar gur páirtithe gaolmhara iad na ranna thuasluaite. Bhí idirbhearta éagsúla ag CCSAE leis na ranna seo a leanas le linn na bliana:

(1) Soláthraíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Airgeadais Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí do CCSAE de réir Chomhaontaithe Seirbhíse ar neamhthuilleamaí. Tá na costais a tabhaíodh le feiceáil i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais

(2) Soláthraíonn aonad sainiúil sa Roinn Airgeadais feidhmeanna an Údaráis Iniúchóireachta ar bhonn comhpháirtíochta idir na ballstáit. Tá an gaol sin á rialú faoi Chomhaontú Seirbhíse.

(3)Tá Comhaontú Seirbhíse ag CCSAE le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus Thaighde (NISRA), ar gníomhaireacht feidhmiúcháin í taobh istigh de RA, a sholáthraíonn seirbhís mhonatóireachta agus luachála maidir leis na Cláir.

(4) (Tá Comhaontú Seirbhíse ag CCSAE leis an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair arb ionann í agus an tIonad Saineolais ar Sholáthar in RA. Bíonn CCSAE i dteagmháil leis an Stiúrthóireacht sin ar bhonn ad hoc maidir le comórtais soláthair a bhainistiú agus maidir le comhairle a thabhairt faoi sholáthar i dtaca le tionscadail foirgníochta.

## 19. CAILLTEANAIS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ SPEISIALTA

Níor tharla aon chaillteanais agus ní dhearnadh aon Íocaíochtaí Speisialta sa bhliain.

## 20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS AGUS RIOSCAÍ MAIDIR LE LEACHTACHT, RÁTAÍ ÚIS, AGUS AIRGEADRA EACHTRACH

### 20.1 Ionstraimí Airgeadais

Mar gheall ar gan gníomhaíochtaí trádála a bheith ar bun ag CCSAE agus mar gheall ar an gcaoi a ndéantar é a chistiú, bíonn CCSAE cosanta ar chuid de na rioscaí airgeadais a mbíonn aonáin ghnó neamhchosanta orthu. Is beag cumhacht atá ag CCSAE maidir le hairgead a fháil ar iasacht nó cistí barrachais a infheistiú. Gintear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais trí ghnáthghníomhaíochtaí oibríochtúla agus ní choinnítear iad le hathrú a dhéanamh ar na rioscaí a bhíonn roimh CCSAE agus a chuid gníomhaíochtaí ar siúl aige.

**20.2 Rioscaí maidir le Leachtacht, Ráta Úis agus Airgeadra Eachtrach**

Déantar na riachtanais a bhíonn ag CCSAE i dtaobh acmhainní glanioncaim a chistiú trí acmhainní arna vótáil ar bhonn bliantúil ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag an Oireachtas. Is ar an gcaoi chéanna a dhéantar cistiú ar a chaiteachas caipitiúil. Ní bhíonn sé neamhchosanta, dá bhrí sin, ar rioscaí suntasacha leachtachta. Ní fhaigheann CCSAE cistiú ó fhoinsí tráchtála, agus dá bhrí sin níl sé neamhchosanta ar rioscaí suntasacha i dtaobh rátaí úis. Ní suntasach í neamhchosaint CCSAE ar rioscaí maidir le hairgeadra eachtrach toisc go bhfaigheann sé leibhéal cistithe comhaontaithe óna chuid ranna Coimircíochta, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i steirling agus in euro faoi seach, agus toisc nach mbíonn sé i mbun gníomhaíochtaí trádála. De bharr gur i steirling a dhéantar formhór na n-idirbheart agus go bhfaightear an chuid is mó den chistiú ar bhonn comhionann ón dá Roinn, áfach, bíonn CCSAE neamhchosanta go pointe ar rioscaí maidir le hairgeadra eachtrach.

Maidir le cistí a tharraingítear ó Ranna Cuntasacha don Láraonad Íocaíochtaí, is iad na Ranna Coimircíochta a bhíonn faoi riosca maidir le hairgeadra eachtrach.

## 21. SÓCMHAINNÍ TRÍÚ PÁIRTÍ

Ní raibh aon sócmhainní tríú páirtí i seilbh CCSAE ar 31 Nollaig 2018.

## 22. TEAGMHAIS TAR ÉIS DHÁTA NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Ar dháta faofa na gcuntas seo, níl Pleananna Gnó CCSAE do 2017, 2018 agus 2019 faofa go foirmiúil ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, mar gheall ar gan aon Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann a bheith ann. Bhíothas tar éis socrú teagmhais a chur ar bun faoina bhféadtar deontais a íoc i gcónaí go dtí 31 Nollaig 2019, agus táthar ag súil go leanfar leis an socrú seo ar feadh na coda eile de 2019. Déanfar an caiteachas a thabhairt chun rialtachta go siarghabhálach nuair a bheidh an plean faofa ag an gComhairle.

## 23. AN DÁTA AR AR FAOMHADH I GCOMHAIR EISIÚNA

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faomhadh d'eisiúint na ráiteas airgeadais seo ar 28 Meitheamh 2019.

# An tAguisín

## Accounts directions given by the Northern Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform in Northern Ireland in accordance with the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999 in Ireland.

Tabharfar léargas fíorcheart sna cuntais bhliantúla ar an ioncam agus ar an gcaiteachas agus ar na sreafaí airgid don bhliain airgeadais, agus ar staid na gcúrsaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais sin, ullmhóidh Comhlacht na gClár Speisialta AE cuntais don tréimhse airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i gcomhréir le:

a. Tuarascála Bliantúla agus Treoir Chuntas na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;

b. reoir eile a fhéadann an Roinn Airgeadais a eisiúint ó am go ham maidir le cuntais atá riachtanach chun léargas fíorcheart a thabhairt;

c. aon nochtadh eile atá ag teastáil ó na Ranna Coimircíochta;

ach amháin sa chás ina gcomhaontaítear a mhalairt le Ranna Airgeadais, agus sa chás sin déanfar cur síos ar an eisceacht insna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.



Arna shíniú le húdarás na Roinne Airgeadais

Dáta: 19 Márta 2019



Arna shíniú le húdarás na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Dáta: 22 Márta 2019

Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

Arna fhoilsiú ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE

**Oifig Bhéal Feirste:**
An 7ú Urlár, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sr áid Clarence Thiar, Béal Feirste,
Tuaisceart Éireann, BT2 7GP
teil: +44 (0)28 9026 6660
facs: +44 (0)28 9026 6692
r-phost: info@seupb.eu

**Oifig na hÓmaí:**
Áras AE, 11 Bóthar Kevlin, An Ómaigh,
Tuaisceart Éireann, BT78 1LB
teil: +44 (0)28 8225 5750
facs: +44 (0)28 8224 8427
r-phost: omagh@seupb.eu

**Oifig Mhuineacháin:**
Foirgneamh M:TEK II, Bóthar
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán, Éire
teil: +353 (0)47 77003
facs: +353 (0)47 71258
r-phost: monaghan@seupb.eu
suíomh idirlín: www.seupb.eu

9 780995 784253